



CÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

ARD-STIÚRTHÓIREACHT AN ILTEANGACHAIS
Aonad aistriúcháin na Gaeilge

NÓS IMEACHTA SOLÁTHAIR

COJ-PROC-25/025

**‘Tabhairt i gcrích creatchonarthaí le haghaidh téacsanna dlí i
dteangacha oifigiúla áirithe den Aontas Eorpach a aistriú go Gaeilge’**

SONRAÍOCHTAÍ

Clár ábhair

CUID 1	RÉAMHFHAISNÉIS.....	6
1.1.	Sainithint an nós imeachta soláthair	6
1.1.1.	Teideal an nós imeachta soláthair	6
1.1.2.	Uimhir thagartha an nós imeachta soláthair	6
1.1.3.	Foilseacháin a bhaineann leis an nós imeachta soláthair	6
1.2.	Bunús dlí agus prionsabail ghinearálta	6
1.2.1.	Bunús dlí.....	6
1.2.2.	Cineál nós imeachta.....	6
1.3.	Féilire an nós imeachta soláthair	7
1.3.1.	Spriocdháta chun glacadh le hiarratais ar rannpháirtíocht (an chéad céim).....	7
1.3.2.	Dáta oscailte na n-iarratas ar rannpháirtíocht	7
1.3.3.	Dáta meastóireachta na n-iarratas ar rannpháirtíocht.....	7
1.3.4.	Spriocdháta chun glacadh le tairiscintí (an dara céim)	7
1.3.5.	Dáta oscailte na dtairiscintí agus meastóireacht ar thairiscintí	7
1.3.6.	Dáta dámhachtana an chonartha.....	7
1.3.7.	Dáta sínithe na gcreatchonarthaí	7
1.3.8.	An dáta a thosófar na creatchonarthaí a chomhlíonadh	7
CUID 2	TUAIRISC AGUS TRÉITHE GINEARÁLTA AN NÓS IMEACHTA.....	8
2.1.	Comhthéacs agus cuspóir an nós imeachta.....	8
2.2.	Cuspóir an nós imeachta soláthair	9
2.3.	Foroinnt i mbearta.....	10
2.4.	Luach an chonartha	10
2.5.	Malairtí.....	10
2.6.	Tabhairt i gcrích an chreatchonartha.....	10
2.7.	Conarthaí sonracha (Orduithe ceannaigh)	11
2.8.	Íocaíochtaí	11
2.9.	Sonrascadh.....	11
2.10.	Ráthaíocht	12
2.11.	Forálacha comhshaoil.....	12
2.12.	Beartas um chomhdheiseanna a chur chun cinn	12

2.13. An creatchonradh nó conarthaí sonracha a leasú..... 13

CUID 3 COINNÍOLLACHA RANNPHÁIRTÍOCHTA..... 14

3.1. Rochtain ar an nós imeachta soláthair. Cúrsaí ginearálta..... 14

3.2. Soláthraithe seirbhíse..... 14

3.3. Comhoibriú idir roinnt oibreoirí eacnamaíocha chun páirt a ghlacadh sa tairiscint (grúpa)..... 14

CUID 4 FOIRM AGUS INNEACHAR AN IARRATAIS AR RANNPHÁIRTÍOCHT 16

4.1. Cúrsaí ginearálta..... 16

4.2. Cuid I: Doiciméid aitheantais agus doiciméid a bhaineann leis na critéir eisiaimh agus roghnúcháin (an chéad chéim)..... 17

4.2.1. I gcás iarrthóir aonair (duine nádúrtha nó duine dlítheanach)..... 17

4.2.2. I gcás iarratas comhphárteach ar rannpháirtíocht..... 17

4.3. Leagan amach na dtairiscintí..... 18

4.3.1. Comhdhéanamh na tairisceana..... 18

4.3.2. Tarchur na tairisceana..... 19

4.3.3. Bailíocht na dtairiscintí..... 19

4.4. Cuid II: Togra teicniúil (tástáil aistriúcháin) (an dara céim)..... 19

4.5. Cuid III: Togra airgeadais (tairiscint phraghais) (an dara céim)..... 20

4.6. Beartas maidir le síniú doiciméad..... 21

4.7. Rúndacht na dtairiscintí..... 21

4.8. Coinníollacha glactha..... 22

CUID 5 MEASTÓIREACHT AR NA HIARRATAIS AR RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS AR NA TAIRISCINTÍ AGUS DÁMHADH AN CHONARTHA..... 24

5.1. Oscailt na n-iarratas ar rannpháirtíocht agus na dtairiscintí..... 24

5.2. Meastóireacht na n-iarratas ar rannpháirtíocht agus na dtairiscintí: critéir agus céimeanna..... 24

5.3. Critéir eisiaimh (an chéad chéim)..... 25

5.3.1. Diúltú don iarrthóir nó don tairgeoir de bhun Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais..... 25

5.3.2. Dearbhú ar onóir..... 26

5.3.3. Cruthúnas nach mór don tairgeoir a chur ar fáil..... 26

5.4. Critéir roghnúcháin (an chéad chéim)..... 26

5.4.1. Cumas chun an ghníomhaíocht ghairmiúil a chleachtadh..... 26

5.4.2.	Stádas eacnamaíoch agus airgeadais	27
5.4.3.	Cumas teicniúil agus gairmiúil.....	27
5.4.3.1.	<i>Cumas teicniúil</i>	27
5.4.3.2.	<i>Cumas gairmiúil</i>	28
5.4.4.	Coinbhleacht leasa	28
5.4.5.	Fianaise a bhaineann leis na critéir roghnúcháin	28
5.4.5.1.	<i>Dearbhú ar onóir</i>	28
5.4.5.2.	<i>Fianaise a fhéadfar a lorg i gcásanna áirithe ó iarrthóirí agus tairgeoirí</i>	28
5.4.5.3.	<i>Fianaise maidir le cumas gairmiúil nach mór don iarrthóir a chur ar fáil</i>	28
5.5.	Fíorú go gcomhlíonann an tairiscint na híoscheanglais (an dara céim)....	29
5.6.	Critéir dhámhachtana (an dara céim)	29
5.6.1.	Caighdeán na tairisceana.....	29
5.6.2.	Praghas na tairisceana	30
5.6.3.	Modh chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a chinneadh .	30
5.7.	Praghsanna iomarcacha	30
5.8.	Tairiscintí thar a bheith íseal	30

CUID 6	TEAGMHÁIL LEIS NA HIARRTHÓIRÍ NÓ TAIRGEOIRÍ.....	31
--------	--	----

6.1.	Teagmháil idir na hiarrthóirí nó tairgeoirí agus an Chúirt le linn an nós imeachta soláthair	31
6.1.1.	Roimh an iarratas ar rannpháirtíocht a fháil.....	31
6.1.2.	Tar éis an t-iarratas ar rannpháirtíocht a fháil.....	31
6.1.3.	Roimh an spriocdháta chun glacadh le hiarratais	31
6.1.4.	Tar éis an spriocdháta chun glacadh le hiarratais	32
6.2.	Faisnéis d'iarrthóirí nó tairgeoirí a bhaineann le cinntí arna nglacadh ag an gCúirt	32

CUID 7	TABHAIRT I GCRÍCH AN NÓS IMEACHTA SOLÁTHAIR AGUS COSAINT SONRAÍ PEARSANTA.....	34
--------	--	----

7.1.	Tréimhse feithimh sula síneofar an creachonradh	34
7.2.	Tréimhse chun creachonarthaí a shíniú	34
7.3.	Síniú an chreachonartha a chur ar fionraí agus athbhreithniú an chinnidh dámhachtana.....	34
7.4.	Cealú an nós imeachta soláthair	34
7.5.	Earráidí substainteacha, neamhrialtachtaí nó calaois	34

7.6. Cosaint sonraí pearsanta 35

CUID 8	IARSCRÍBHINNÍ.....	39
IARSCRÍBHINN 1.	FOIRM CHLÁRÚCHÁIN ÉIGEANTACH.....	1
IARSCRÍBHINN 2.	FOIRM 'EINTITEAS DLÍTHIÚIL'.....	2
IARSCRÍBHINN 3.	DEARBHÚ AR ONÓIR MAIDIR LEIS NA CRITÉIR EISIAIMH AGUS NA CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN.....	3
IARSCRÍBHINN 4.	LEATHANACH CUMHDAIGH NA TAIRISCEANA.....	4
IARSCRÍBHINN 5.	AN TOGRA AIRGEADAIS ('TAIRISCINT PHRAGHAIS').....	5
IARSCRÍBHINN 6.	DRÉACHT-CHREATCHONRADH.....	6

1.1. Sainithint an nós imeachta soláthair

1.1.1. Teideal an nós imeachta soláthair

‘Tabhairt i gcrích creatchonarthaí le haghaidh téacsanna dlí i dteangacha oifigiúla áirithe den Aontas Eorpach a aistriú go Gaeilge’

1.1.2. Uimhir thagartha an nós imeachta soláthair

COJ-PROC-25/025

1.1.3. Foilseacháin a bhaineann leis an nós imeachta soláthair

Fógra conartha: Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, **IO S 143, 494210-2025** an 29/07/2025.

Foilseofar faisnéis faoin nós imeachta soláthair seo, más iomchuí, ar shuíomh gréasáin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag an seoladh seo: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/p1_268713/ga/.

Ní mór do na hoibreoírí eacnamaíocha lena mbaineann an seoladh thuasluaite a sheiceáil go tráthrialta.

1.2. Bunús dlí agus prionsabail ghinearálta

1.2.1. Bunús dlí

Rialáitear an nós imeachta soláthair seo leis na forálacha seo a leanas:

- Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) (‘an Rialachán Airgeadais’)¹, agus
- Tá feidhm ag Prótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh (‘an Prótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh’) atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (‘CFAE’)² maidir leis an nós imeachta seo freisin.

1.2.2. Cineál nós imeachta

Is nós imeachta srianta de réir bhrí Airteagal 167(1)(b) agus (3) den Rialachán Airgeadais é an nós imeachta soláthair seo.

¹ IO L 2024/2509 an 26.09.2024. Tá an téacs ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=OJ:L_202402509.

² IO C 326 an 26.10.2012, Ich. 47–390. Tá an leagan comhdhlúite den Chonradh sin ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A12012E%2FTXT>.

Tá an nós imeachta soláthair ceaptha mar nós imeachta iomaíoch. Déanfar aon iarrthóir nó tairgeoir a dhéanann iarracht faisnéis rúnda a fháil, comhaontuithe neamhdhleathacha a thabhairt i gcrích, dul i gclaonpháirteachas nó bearta a ghlacadh i gcomhar le hiarrthóirí nó tairgeoirí eile, tacaíocht a lorg ó bhaill foirne na Cúirte nó tionchar a imirt ar an gcoiste meastóireachta nó a bhaill ar bhealach ar bith le linn an nós imeachta soláthair a eisiáimh ón nós imeachta seo.

1.3. Féilire an nós imeachta soláthair

1.3.1. Spriocdháta chun glacadh le hiarratais ar rannpháirtíocht (an chéad chéim)

Is é an spriocdháta chun glacadh le hiarratais ar rannpháirtíocht an **16/09/2025 ar 17:00** (am Lucsamburg).

1.3.2. Dáta oscailte na n-iarratas ar rannpháirtíocht

Beartaítear go n-osclófar na hiarratais ar rannpháirtíocht i mí Mheán Fómhair 2025.

1.3.3. Dáta meastóireachta na n-iarratas ar rannpháirtíocht

Beartaítear go ndéanfar meastóireacht ar na hiarratais ar rannpháirtíocht i mí Mheán Fómhair 2025. Féadfar an dáta sin a athrú de réir an dul chun cinn sa nós imeachta.

1.3.4. Spriocdháta chun glacadh le tairiscintí (an dara céim)

Beartaítear go mbeidh an dáta deiridh chun glacadh le tairiscintí ag tús mhí na Samhna 2025. Cuirfear an dáta baileach in iúl níos déanaí do na hiarrthóirí a roghnófar le linn na chéad chéime i litir chuiridh chun tairiscint a chur isteach a sheolfar chucu.

1.3.5. Dáta oscailte na dtairiscintí agus meastóireacht ar thairiscintí

Beartaítear n-osclófar na hiarratais agus go ndéanfar meastóireacht orthu i mí na Samhna 2025. Ní meastachán cinntitheach é sin agus féadfar é a athrú de réir an dul chun cinn a dhéanfar sa nós imeachta.

1.3.6. Dáta dámhachtana an chonartha

Beartaítear go ndéanfar an conradh a dhámhachtain i mí Eanáir 2026, ar a dhéanaí. Ní meastachán ceangailteach é sin agus féadfar é a athrú de réir an dul chun cinn a dhéanfar sa nós imeachta.

1.3.7. Dáta sínithe na gcreatchonarthaí

Beartaítear go ndéanfar na creatchonarthaí a shíniú i mí Eanáir 2026. Ní meastachán ceangailteach é sin agus féadfar é a athrú de réir an dul chun cinn a dhéanfar sa nós imeachta.

1.3.8. An dáta a thosófar na creatchonarthaí a chomhlíonadh

Beartaítear go dtosófar ar na creatchonarthaí a chomhlíonadh i mí Eanáir 2026. Ní meastachán ceangailteach é sin agus féadfar é a athrú de réir an dul chun cinn a dhéanfar sa nós imeachta.

2.1. Comhthéacs agus cuspóir an nós imeachta

Is Institiúid Eorpach í Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt' nó 'an t-údarás conarthach') a bhfuil a suíomh i Lucsamburg.

Is é an misean atá ag an gCúirt Bhreithiúnais a áirithiú go gcomhlíonfar an dlí i léiriú na gConarthaí lena rialaítear an tAontas Eorpach agus ina gcur i bhfeidhm. I gcomhthéacs an mhisin sin, déanann an Chúirt:

- athbhreithniú ar dhlíthiúlacht ghníomhartha Institiúidí an Aontais Eorpaigh,
- a áirithiú go gcomhlíonann na Ballstáit na hoibleagáidí a leanann ó na Conarthaí, agus
- léiriú ar dhlí an Aontais arna iarraidh sin ag na cúirteanna náisiúnta.

Is í údarás breithiúnach an Aontais Eorpaigh í agus áirithíonn sí, i gcomhar le cúirteanna na mBallstát, go gcuirtear i bhfeidhm agus go léirítear dlí an Aontais Eorpaigh go haonfhoirmeach.

Is í Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais an tseirbhís is mó san Institiúid. In Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais tá an Stiúrthóireacht Ateangaireachta, ina bhfuil 22 bhoth teanga, leithdháilte thar 3 aonad, agus Stiúrthóireachtaí A agus B an aistriúcháin dhlíthiúil, ina bhfuil 24 aonad teanga, ceann amháin in aghaidh gach teanga oifigiúla agus 3 aonad fheidhmiúla a chuireann tacaíocht ar fáil do na haonaid nó na bothanna teanga in go leor réimsí amhail bainistíocht an aistriúcháin sheachfhoinsithe, uirlisí chun cabhrú leis an Ilteangachas, aistriúchán nó éisteachtaí a phleanáil agus cásdlí a scaipeadh nó a fhoilsiú. Chomh maith leis sin, baineann an Ard-Stiúrthóireacht leas as seirbhísí líon ard saoraistritheoirí.

Is é an misean atá ag Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais dea-fheidhmiú rialacha teanga chúirteanna an Aontais Eorpaigh a áirithiú, tacaíocht a chur ar fáil sna himeachtaí, ina gcéimeanna i scríbhinn agus ó bhéal araon, in 24 theanga oifigiúla an Aontais. Gníomhaíonn Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais de réir tosaíochtaí straitéiseacha: tacaíocht leanúnach do na cúirteanna, ilteangachas éifeachtach a chinntiú ina mbaintear an úsáid is fearr as uirlisí teicneolaíochta, digitíú bunaithe ar theicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear an intleacht shaorga, oscailteacht don saol lasmuigh agus dlúthchaidreamh le saoránaigh agus, ar deireadh, buanna a chothú.

Tá sé de chúram ag Aonad Aistriúcháin na Gaeilge aistriúcháin a dhéanamh chuig an teanga sin, ar Bhreithiúnais, Orduithe agus Tuairimí Abhcóidí Ginearálta na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Ginearálta. Tá an tAonad freagrach freisin as aistriúchán a dhéanamh ar dhoiciméid áirithe a bhaineann le hiarrataí ar réamhrialú ó chúirteanna náisiúnta agus doiciméid nós imeachta riachtanacha eile a ghabhann leis an nós imeachta.

Chinn Aonad Aistriúcháin Dhlíthiúil na Gaeilge d'Ard-Stiúrthóireacht an Ilteangachais an glao seo ar iarratais (iarratais ar rannpháirtíocht) a sheoladh, d'fhonn an t-uasmhéid creatchonarthaí a chomhlíonadh (féach pointe 2.3 de na Sonraíochtaí seo), maidir le tabhairt i gcrích creatchonarthaí le haghaidh téacsanna dlí i dteangacha oifigiúla áirithe den Aontas Eorpach a aistriú go Gaeilge.

Tá tuilleadh faisnéise ar fáil faoin gCúirt agus a cuid gníomhaíochtaí ar shuíomh gréasáin na Cúirte ag an seoladh seo <http://curia.europa.eu>.

2.2. Cuspóir an nós imeachta soláthair

Is é soláthar na seirbhísí seo a leanas an cuspóir leis an nós imeachta seo:

Tabhairt i gcrích creatchonarthaí le haghaidh téacsanna dlí i dteangacha oifigiúla áirithe den Aontas Eorpach a aistriú go Gaeilge.

Ní mór don chonraitheoir an obair ar théacsanna dlí i dteangacha oifigiúla áirithe a aistriú go Gaeilge a chur i gcrích sna spriocanna a leagtar síos.

Tairgfear an obair aistriúcháin sin do na conraitheoirí de réir riachtanais na Cúirte.

Tairgfear obair aistriúcháin trí mheán leictreonach: trí bhosca ríomhphoist feidhmiúil na ranna údarúcháin lena mbaineann agus/nó trí ardáin comhroinnte faisnéise shlána agus chomhoibríocha, chun go nglacfaidh an conraitheoir leis an obair nó go ndiúltóidh sé di. Fanfaidh an tairiscint bailí de réir mar a luaitear inti.

Trí ghlacadh leis an tasc aistriúcháin, áiritheoidh an conraitheoir an méid seo a leanas:

- comhlíonadh na dtreoracha sonracha arna gcur ar fáil ag an gCúirt;
- úsáid cheart, dhocht agus chruinn na sprioctheanga;
- úsáid dhocht na teanga agus na téarmaíochta dlí iomchuí sa sprioctheanga;
- úsáid dhocht na téarmaíochta dlí a úsáidtear sna doiciméid thagartha (bunteangacha agus sprioctheanga);
- go ndéanfar na téacsanna reachtacha agus/nó breithiúnacha ábhartha a lua go docht;
- úsáid na mbunachar sonraí riachtanacha (de chuid an Aontais Eorpaigh agus náisiúnta);
- go gcloífear le ‘vade-mecum’ na Cúirte (más ábhartha);
- seachadadh laistigh den spriocdháta comhaontaithe a shonraítear san ordú ceannaigh.

Cuimsíonn na téacsanna atá le haistriú raon réimsí dlí lena mbaineann na cásanna a chuirtear faoi bhráid na Cúirte. Ní mar an gcéanna a bhíonn fad na téacsanna sin, ná an phráinn lena n-iarrtar na haistriúcháin sin.

Tá samplaí de na cineálacha téacsanna atá le haistriú ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/P_106308/ga/.

Oibreoidh an conraitheoir i dtimpeallacht ardeicneolaíochta (féach pointe 5.4.3.1) Beidh ról lárnach aige i bpróiseas rialaithe cáilíochta na ndoiciméad a aistrítear chuig an sprioctheanga.

Ní mór do chaighdeán na seirbhísí arna gcur ar fáil, de bhun na gcreat-chonarthaí, a bheith ar leibhéal a fhágann gur féidir an téacs a úsáid láithreach, trína fhoilsiú nó ar bhealach eile.

2.3. Foroinnt i mbearta

Beidh na 6 bheart seo a leanas:

Beart	Uaslíon na gcreat-chonarthaí a thabharfar i gcrích
Beart 1: FR / GA	50
Beart 2: EN / GA	50
Beart 3: DE / GA	20
Beart 4: EN / GA	20
Beart 5: IT / GA	20
Beart 6: PL / GA	20

Féadfaidh na hiarrthóirí iarratas ar rannpháirtíocht a chur isteach le haghaidh beart amháin nó níos mó.

Is bearta buana iad, agus féadfar glacadh le hiarratais nua ar rannpháirtíocht tráth ar bith le linn fheidhmiú an chonartha, ar choinníoll, áfach, nár baineadh amach an líon uasta conraitheoirí don bheart lena mbaineann.

Fochoimeádann an Chúirt an ceart chun bearta a bhronnadh ar thairgeoirí éagsúla nó ar thairgeoir amháin. Fochoimeádann an Chúirt an ceart gan beart amháin nó níos mó a bhronnadh.

2.4. Luach an chonartha

Is é an t-uasluach measta de na conarthaí sonracha a bheartaítear ar feadh ré iomlán na gcreatchonarthaí, lena n-áirítear aon athnuachan, agus EUR 7 200 000.00.

2.5. Malairtí

Ní údaraítear malairtí.

2.6. Tabhairt i gcrích an chreatchonartha

Beidh sé de thoradh ar an nós imeachta seo go dtabharfar creatchonarthaí i gcrích, idir an Chúirt agus na tairgeoirí a roghnófar, 'in ord tosaíochta' gan athoscailt na hiomaíochta (i bhfoirm conarthaí ar leithligh atá sínithe sna téarmaí céanna le gach conraitheoir).

Déanfar na creatchonarthaí a dháileadh de réir an bhirt. Luaitear an líon uasta oibreoirí lena dtugann an t-údarás conarthach creatchonarthaí i gcrích, le haghaidh gach birt, i bpointe 2.3 de na Sonraíochtaí.

Is é 1 bhliain fad na gcreatchonarthaí agus féadfar iad a athnuachan go hintuigthe ar feadh 3 tréimhse fhéideartha de 1 bhliain. Déanfar liosta aicmiúcháin na gconraitheoirí ar bhonn na gcrítear dámhachtana (féach pointe 5.6). Leis an liosta sin, cinnfear an t-ord tosaigh ina rachfar i

dteagmháil leis na conraitheoirí, i bhfianaise a n-acmhainne aschuir agus a réimse fhéideartha speisialtóireachta, chun obair shonrach a thairiscint dóibh. Déanfar an t-aicmiú a athbhreithniú go tréimhsiúil ionas go léireofar leis fíorchaighdeán na seirbhísí arna soláthar. Le linn fheidhmiú an chonartha, féadfar an t-aicmiú a leasú freisin i ndiaidh foirceannadh creatchonarthaí atá ann nó creatchonarthaí nua a thabhairt i gcrích.

Ní leagtar aon oibleagáid ceannaigh ar an gCúirt faoin gcreatchonradh. Leagtar síos ann na téarmaí bunúsacha lena rialófar na conarthaí sonracha (orduithe ceannaigh) a dhámhfar le linn a tréimhse bailíochta agus na coinníollacha faoina ndámhfar na conarthaí sonracha. Ní eascraíonn na hoibleagáidí ceannaigh ar an gCúirt ach amháin ó na conarthaí sonracha.

Tríd an gcreatchonradh a thabhairt i gcrích, ní gheallann an Chúirt caidreamh eisiach a bhunú leis an gconraitheoir, ná obair shonrach ina bhfuil líon cinnte leathanach a thabhairt dó.

Tá **dréacht den chreatchonradh** i gceangal in Iarscríbhinn 6.

2.7. Conarthaí sonracha (Orduithe ceannaigh)

De réir a riachtanas, déanfaidh an Chúirt conarthaí sonracha leis na tairgeoirí a roghnófar. Is conarthaí sonracha iad na horduithe ceannaigh arna n-eisiúint ag seirbhís inniúil na Cúirte, de réir na socruithe a leagtar síos sa chreatchonradh seo.

Déanfar na haistriúcháin a sheachadadh chuig an gCúirt, i Lucsamburg, chuig an tseirbhís a luaitear san ordú ceannaigh.

Ní féidir méid iomlán na hoibre a d'fhéadfaí conarthaí sonracha a dhéanamh ina leith a lua go beacht.

2.8. Íocaíochtaí

Tabharfar na méideanna a bheidh le híoc dá bhforáiltear sa chreatchonradh in euro. Déanfar gach íocaíocht lena mbaineann in euro.

Déanfar na híocaíochtaí i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear sa chreatchonradh (Iarscríbhinn 6).

2.9. Sonrascadh

Déanfar an sonrascadh i gcomhréir leis na socruithe dá bhforáiltear sa chreatchonradh (Iarscríbhinn 6).

Chuige sin, ní mór don chonraitheoir sonraisc a sheoladh tríd an gcóras malartaithe sonraí ríomhairithe ('e-invoicing'), agus an t-ardán cumarsáide digití 'e-Prior' á úsáid. Ar bhonn eisceachtúil, féadfar sonrasc a sheoladh i bhformáid páipéir, faoi réir aontú roimh ré an údaráis chonarthaigh.

Dírítear aird na n-iarrthóirí/tairgeoirí ar an bhfóras go bhfuil an Chúirt díolmhaithe ó gach dleacht agus cáin, lena n-áirítear cáin bhreisluacha ('CBL'), de bhun fhorálacha Airteagail 3 agus 4 den Phrótocal maidir le pribhléidí agus díolúintí.

Is faoin gconraitheoir agus eisean amháin atá sé, é féin a chur ar an eolas faoi na coinníollacha ginearálta atá le comhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm CBL maidir leis na seirbhísí aistriúcháin de réir a áite cánachais.

2.10. Ráthaíocht

Níl feidhm ag an ráthaíocht maidir leis an gconradh seo.

2.11. Forálacha comhshaoil

Urramóidh an tairgeoir ar a ndámhfar an conradh an reachtaíocht chomhshaoil is infheidhme mar aon le gach sonraíocht chomhshaoil a cheanglaítear leis na Sonraíochtaí nó dá bhforálfar ina thairiscint.

Ghlac an Chúirt córas bainistíochta comhshaoil EMAS ('córas EMAS') dá bhforáiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún agus Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún³.

I réimse an chonartha, oibreoidh an tairgeoir rathúil leis an gCúirt chun córas EMAS a chur i bhfeidhm, go háirithe tríd an bhfaisnéis is gá a bhaineann le réimse an chonartha a chur ar fáil le haghaidh measúnú tráthrialta ar an gcóras agus nuashonrú na ndoiciméad dá bhforáiltear le Rialachán Uimh. 1221/2009. Glacfaidh sé gach beart riachtanach chun urramú bheartas comhshaoil, chuspóirí ginearálta agus sonracha comhshaoil chlár comhshaoil na Cúirte a áirithiú⁴.

Go sonrach, ní mór do thairgeoir rathúil an chonartha:

- (a) a áirithiú go bhfuil beartas comhshaoil, clár comhshaoil agus treoirleabhar comhshaoil na Cúirte ar eolas ag a bhaill foirne go léir (lena n-áirítear, más iomchuí, baill foirne a sholáthraithe) atá sannta d'fheidhmiú an chonartha;
- (b) a áirithiú go bhfuil gach ball dá fhoireann (lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, baill foirne a sholáthraithe) atá sannta d'fheidhmiú an chonartha inniúil agus go bhfuil an oiliúint iomchuí riachtanach agus oiriúnach faighte acu (ó thaobh cúrsaí teicniúla, slándála agus comhshaoil de) maidir le comhlíonadh na rialacha slándála, láimhseáil cheart an trealaimh agus na dtáirgí atá le húsáid, lena n-áirítear na bearta atá le glacadh i gcás láimhseáil mhícheart nó aon teagmhas eile féideartha;
- (c) a chur ar fáil, arna iarraidh sin ag an gCúirt, na dearbhuithe a bhaineann le hinniúlacht agus oiliúint dá dtagraítear i bpointe (b) thuas;
- (d) na bearta comhshaoil a chur in iúl, arna iarraidh sin ag an gCúirt, dá baill foirne, atá le glacadh le haghaidh táirgí arna n-úsáid i gcomhthéacs fheidhmiú an mhargaidh.

2.12. Beartas um chomhdheiseanna a chur chun cinn

Geallann an tairgeoir, má tá sé rathúil, go n-urramóidh sé, i gcur i bhfeidhm an chonartha, beartas um chomhionannas agus éagsúlacht a chur chun cinn trí chur i bhfeidhm phrionsabail an neamh-idirdhealaithe agus an chomhionannais a leagtar amach i gConarthaí an Aontais Eorpaigh

³ IO L 342 an 22.12.2019, lch. 1-45. Tá an téacs ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=celex%3A32009R1221>.

⁴ Tá na doiciméid sin ar fáil ar an suíomh: https://curia.europa.eu/jcms/jcms/P_134088/ga/

a áirithiú. Go sonrach, geallann an tairgeoir rathúil go mbunóidh sé timpeallacht oibre oscailte agus chuimsitheach, go gcothóidh sé an timpeallacht sin agus go gcuirfidh sé chun cinn í, ar timpeallacht í lena n-urramaítear dínit an duine agus an prionsabail um chomhionannais deiseanna, a roinntear in trí ais tosaíochta:

- comhionannas idir mná agus fir;
- fostaíocht agus imeascadh daoine atá faoi mhíchumas;
- gach bacainn ar earcaíocht agus gach idirdhealú féideartha bunaithe ar inscne, ar chine nó ar thionscnamh eitneach, ar reiligiún nó creideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh a chur as an áireamh.

2.13. An creatchonradh nó conarthaí sonracha a leasú

Féadfaidh an Chúirt, le comhaontú an chonraitheora, an creatchonradh nó an conradh sonrach (ordú ceannaigh) a leasú gan ghá le nós imeachta soláthair nua, sna cásanna agus de réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 175 den Rialachán Airgeadais.

3.1. Rochtain ar an nós imeachta soláthair. Cúrsaí ginearálta

Tá rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair seo oscailte, faoi choinníollacha comhionanna, do gach duine nádúrtha agus dlítheanach a thagann faoi raon feidhme Chonarthaí an Aontais Eorpaigh agus gach duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe i dtríú tír a thug comhaontú sonrathach i gcrích leis an Aontas Eorpach i réimse an tsoláthair phoiblí, de réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa chomhaontú sin. Tá rannpháirtíocht oscailte d'eagraíochtaí idirnáisiúnta freisin.

Ní mór d'iarrthóirí an Stát ina bhfuil siad bunaithe a lua agus an fhianaise atá riachtanach i ndáil leis sin de réir dhlí an Stáit sin a chur ar fáil.

Tá rannpháirtíocht sa chonradh seo saor in aisce agus, dá thoradh sin, ní thugtar aon cheart don iarrthóir/tairgeoir cúiteamh airgeadais ar bith a éileamh i leith na gcostas arna dtabhú.

3.2. Soláthraithe seirbhíse

Ní mór don iarrthóir a chur ar fáil, i gcás inarb ábhartha, liosta de na daoine nádúrtha ('na soláthraithe seirbhíse') a bheidh ag gabháil, ar a shon, do sholáthar na seirbhísí is ábhar don chonradh agus a chuireann a n-acmhainneacht ar fáil don iarrthóir chun a chur ar a chumas na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh. Ní mór don iarrthóir an fhaisnéis riachtanach faoi gach duine nádúrtha a bheidh ag gabháil do sholáthar na seirbhísí atá faoi thrácht a chur ar fáil san fhoirm chlárucháin éigeantach (féach larscríbhinn 1).

Ní mór don tairgeoir liosta de na daoine nádúrtha a chuirfear ag obair ar a shon i soláthar na seirbhísí is ábhar don mhargadh a chur ar fáil, más ábhartha, in aghaidh an bhirt (larscríbhinn 4). Ní mór gurb ionann na daoine ar an liosta sin agus iad siúd a luaitear san iarratas ar rannpháirtíocht sa nós imeachta seo, cé is moite díobh siúd a eisiadh i ndiaidh measúnú ar a n-acmhainn ghairmiúil. Má áirítear daoine eile ar an liosta sin seachas iad siúd dá dtagraítear san iarratas ar rannpháirtíocht, ní mór don iarrthóir an fhaisnéis éigeantach a chur ar fáil san fhoirm atá i gceangal (larscríbhinn 1), arna comhlíonadh le haghaidh gach duine acu. Forchoimeádann an Chúirt an ceart gan údarú a thabhairt do na soláthraithe seirbhíse breise sin a bheith rannpháirteach i bhfeidhmiú an chonartha.

Cuirfear liosta de na soláthraithe formheasta in iarscríbhinn leis an gcreat-chonradh.

3.3. Comhoibriú idir roinnt oibreoirí eacnamaíocha chun páirt a ghlacadh sa tairiscint (grúpa)

Féadfaidh roinnt oibreoirí eacnamaíocha dul i gcomhar lena chéile chun páirt a ghlacadh sa ghlaó ar thairiscintí mar ghrúpa trí **iarratas comhpháirteach ar rannpháirtíocht** a dhéanamh.

Sa chás sin, ba cheart a shonrú go han-soiléir san iarratas ar rannpháirtíocht cineál agus raon feidhme rannpháirtíocht gach ceann de na hoibreoirí eacnamaíocha atá bainteach leis an iarratas sin ar rannpháirtíocht, agus a lua an bhfuil sé ag gníomhú mar chomhalta den ghrúpa (iarratas comhpháirteach ar rannpháirtíocht), atá ag cur a n-acmhainneachta ar fáil don iarrthóir chun a chur ar a chumas na critéir roghnúcháin a chomhlíonadh.

I gcás ina ndámhfar an conradh ar ghrúpa a rinne tairiscint chomhpháirteach, éileoidh an Chúirt comhaontú i scríbhinn idir na comhaltaí den ghrúpa lena leagtar síos rialacha oibriúcháin inmheánaigh an ghrúpa ina luafar:

- ainmneacha, seoladh dlíthiúil, uimhir chláraithe, uimhir CBL gach comhalta den ghrúpa agus ainm agus ról an duine atá údaraithe chun ionadaíocht a dhéanamh don ghrúpa lena mbaineann;
- cineál, raon feidhme agus fad na tréimhse a mbeidh na comhaltaí den ghrúpa faoi dhliteanas comhpháirteach;
- ráiteas go bhfuil gach comhalta den grúpa faoi dhliteanas go comhpháirteach agus ar leithligh as comhlíonadh an chonartha;
- ráiteas go gcomhlíonfaidh gach comhalta den grúpa a gcuid féin de na seirbhísí faoin gconradh;
- ainmniú ionadaí;
- uimhir cuntais bainc an ionadaí ina ndéanfar na híocaíochtaí,
- dearbhú ó gach comhalta den ghrúpa lena dtugtar údarú don ionadaí conradh a thabhairt i gcrích in ainm an ghrúpa agus a bheith mar phointe teagmhála leis an údarás conarthach le haghaidh gach a mbaineann le comhlíonadh an chreatchonartha.

I gcás ina mbronnfar an conradh ar an ngrúpa sin:

- síneoidh an Chúirt an conradh le gach comhalta den ghrúpa nó leis an gcomhalta atá údaraithe go cuí chun síniú ar a shon trí shainordú agus
- beidh gach comhalta den ghrúpa faoi dhliteanas go comhpháirteach agus go leithleach i ndáil leis an gCúirt as an gcreatconradh a chomhlíonadh.

Is gá comhaontú an údaráis chonarthaigh a fháil maidir le haon leasú ar an gcomhaontú grúpa sin.

Féadfar an tairiscint a dhiúltú má dhéantar aon athrú ar chomhdhéanamh an ghrúpa le linn an nós imeachta tairisceana. Féadfar an conradh a fhoirceannadh i gcás aon athrú ar chomhdhéanamh an ghrúpa i ndiaidh an chreatchonaradh a shíniú.

4.1. Cúrsaí ginearálta

Ní mór na hiarratais ar rannpháirtíocht (an chéad chéim sa nós imeachta) a dhréachtú i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Ní mór ceann de na leaganacha teanga sa teanga chumarsáide a roghnófar tráth an iarratais ar rannpháirtíocht (Fraincis nó Béarla) a úsáid sna tairiscintí (an dara céim den nós imeachta).

Ní mór an fhaisnéis agus na doiciméid go léir arna n-iarraidh ag an gCúirt a áireamh iontu.

Ní mór do na hiarrthóirí agus na tairgeoirí go léir na doiciméid tacaíochta is gá a chur ar fáil. Chuige sin, tá sé **éigeantach** na foirmeacha a luaitear thíos a úsáid.

Ní mór na hiarratais ar rannpháirtíocht agus na tairiscintí a bheith go hiomlán inléite ionas nach mbeidh amhras ar bith faoi na téarmaí agus na figiúirí. Áireofar na céimeanna seo a leanas iontu:

An chéad chéim: Meastóireacht na n-iarratas ar rannpháirtíocht:

- Cuid I: Doiciméid aitheantais agus doiciméid a bhaineann leis na critéir eisiaimh agus roghnúcháin (féach pointe 4.2)

Ní mór na hiarratais ar rannpháirtíocht a sheoladh chuig an gCúirt i gcomhréir leis na modhanna a luaitear sa litir chuiridh chun iarratas ar rannpháirtíocht a chur isteach laistigh den spriocdháta a leagfar síos.

Féadfaidh na hiarrthóirí iarratas ar rannpháirtíocht a chur isteach le haghaidh beart amháin nó níos mó.

Is trí ríomhphost, agus ar an mbealach sin amháin, a sheolfar na hiarratais ar rannpháirtíocht chuig an seoladh a luaitear sa litir chuiridh chun iarratas ar rannpháirtíocht a chur isteach.

Féadfar a mheas nach bhfuarthas iarratas ar rannpháirtíocht má úsáidtear seoladh eile ríomhphoist chun é a chur isteach.

Ní fhéadfar iarratas ar rannpháirtíocht a sheoladh trí aon bhealach eile.

Ní ghlacfar le naisc chuig spáis stórais ar líne.

Ní mór an t-iarratas ar rannpháirtíocht a sheoladh i bhformáid PDF agus ní fhéadfaidh sé a bheith níos mó ná uasmhéid 10 MB in aghaidh an ríomhphoist. Is féidir an t-iarratas ar rannpháirtíocht a sheoladh i roinnt ríomhphost ar leithligh i ndiaidh a chéile. Sa chás sin, moltar uimhir sheicheamhach a chur in ábhar gach ríomhphoist leanúnaigh, ar mhaithe le haon mhíthuiscint a sheachaint.

Ní mór gach iarratas ar rannpháirtíocht a dhréachtú ar bhealach gur féidir iad a mheasúnú ina n-iomláine, go beacht agus chomh tapa agus is féidir, ionas gur féidir na hiarrthóirí a n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach a roghnú. Féadfar diúltú d'iarratais ar rannpháirtíocht ó iarrthóirí nach

gcuireann faisnéis leordhóthanach ar fáil agus an fhoirm chlárúcháin éigeantach á líonadh isteach acu agus na doiciméid agus an fhianaise a luaitear.

An dara céim: meastóireacht ar na tairiscintí:

- Cuid II: Togra teicniúil (féach pointe 4.4)
- Cuid III: Togra airgeadais (féach pointe 4.5)

Ní mór na tairiscintí a sheoladh chuig an gCúirt i gcomhréir leis na modhanna a luaitear sa litir chuiridh chun tairiscint a chur isteach laistigh den spriocdháta socraithe.

Is trí ríomhphost, agus ar an mbealach sin amháin, a sheolfar na tairiscintí chuig an seoladh a luaitear sa litir chuiridh chun tairiscint a chur isteach.

4.2. Cuid I: Doiciméid aitheantais agus doiciméid a bhaineann leis na critéir eisiaimh agus roghnúcháin (an chéad chéim)

4.2.1. I gcás iarrthóir aonair (duine nádúrtha nó duine dlítheanach)

Ní mór don iarrthóir na doiciméid seo a leanas a chur ar fáil:

- a) **Foirm chlárúcháin éigeantach le haghaidh iarratas ar rannpháirtíocht** (larscríbhinn 1) arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí (féach freisin an litir chuiridh chun iarratas ar rannpháirtíocht a dhéanamh);
- b) **Foirm 'Eintiteas dlíthiúil'** (larscríbhinn 2) arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí, agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha go léir san áireamh. Ní mór an fhoirm a fhreagraíonn do nádúr dlíthiúil an iarrthóra a roghnú.
- c) **Dearbhú ar onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus agus na critéir roghnúcháin** (larscríbhinn 3) arna líonadh isteach go cuí agus arna shíniú ag an iarrthóir (i gcás duine nádúrtha) nó ag an iarrthóir sa cháil sin agus ag a ionadaí dlíthiúil (i gcás duine dlítheanach) agus ag gach duine nádúrtha a bheidh ag gabháil do sholáthar na seirbhísí.

4.2.2. I gcás iarratas comhphárteach ar rannpháirtíocht

Déantar iarratas comhphárteach ar rannpháirtíocht i gcás ina ndéanann grúpa oibreoirí eacnamaíocha iarratas ar rannpháirtíocht. Cuireann na hoibreoirí eacnamaíocha is comhaltaí den ghrúpa sin iarratas amháin ar rannpháirtíocht nach mbaineann ach le creatchonradh amháin.

I gcás iarratas comhphárteach ar rannpháirtíocht, ní mór do gach eintiteas is comhalta den ghrúpa na doiciméid agus an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil:

- a) **Foirm chlárúcháin éigeantach le haghaidh iarratas ar rannpháirtíocht** (larscríbhinn 1) arna líonadh isteach agus arna síniú (féach freisin an litir chuiridh chun iarratas ar rannpháirtíocht a dhéanamh);
- b) **Foirm 'Eintiteas dlíthiúil'** (larscríbhinn 2) arna líonadh isteach agus arna síniú go cuí, agus na doiciméid tacaíochta go léir a éilítear san fhoirm sin ag gabháil léi. Ní mór an fhoirm a fhreagraíonn do nádúr dlíthiúil gach eintitis is comhalta den ghrúpa a roghnú.

- c) **Dearbhú ar onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus na critéir roghnúcháin** (larscríbhinn 3) arna líonadh isteach agus arna shíniú go cuí ag gach eintiteas is comhalta den ghrúpa agus ag gach duine nádúrtha a bheidh ag gabháil, ar a shon, do sholáthar na seirbhísí is ábhar don chonradh;
- d) **Doiciméad faisnéiseach faoin ngrúpa**, arna shíniú ag ionadaí arna údarú go cuí ag gach ceann dá chomhaltaí, leis an inneachar seo a leanas: (1) céannacht chomhaltaí an ghrúpa; (2) a dtoilteanas iarratas comhpháirteach ar rannpháirtíocht a chur isteach chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta soláthair seo; (3) an comhalta den ghrúpa a dhéanfaidh ionadaíocht ar chomhaltaí uile an ghrúpa in aon phlé leis an gCúirt ('an príomhiarratasóir'); (4) tuairisc ar an gcaoi a n-eagrófar a gcomhar chun na torthaí atá beartaithe a bhaint amach agus gnéithe teicniúla, riaracháin agus airgeadais a eagrú;

I gcás inar tháinig siad isteach le chéile cheana féin i ngrúpa mar chuibhreannas sealadach (nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige) nó i ngrúpa buan amhail comhlachas nó grúpáil leasa eacnamaíoch (le pearsantacht dhlítheanach), ní mór sonraí an ghrúpa a shonrú sa doiciméad faisnéise agus ní mór cóip de na doiciméid ábhartha a chur ar fáil.

- e) Má shíníonn ceann amháin de na comhaltaí den ghrúpa arna údarú go cuí i scríbhinn ag na comhaltaí eile den ghrúpa sin chun gealltanais a thabhairt ar son an ghrúpa, ní mór **cóip den údarú** sin a chur i gceangal.

Forchoimeádaí an Chúirt an ceart chun a cheangal go gcuirfear ar fáil, laistigh de theorainn ama arna socrú ina hiarraidh, aon doiciméad eile a bhaineann leis an iarratas ar rannpháirtíocht arna dhéanamh, i gcomhair meastóireachta agus fíorú.

4.3. Leagan amach na dtairiscintí

Beidh an tairiscint comhdhéanta den togra teicniúil (tástáil aistriúcháin) agus an togra airgeadais (tairiscint phraghais).

4.3.1. Comhdhéanamh na tairisceana

Déantar cur síos sna Sonraíochtaí ar na doiciméid go léir atá le dréachtú chun tairiscint a chur isteach.

Ní mór na doiciméid agus an fhaisnéis go léir is gá a bheith sa tairiscint agus ní mór í a shíniú (pointe 4.6) agus a dhátú go cuí.

Ní mór an méid seo a leanas a bheith i ngach tairiscint:

- Leathanach cumhdaigh** (larscríbhinn 4) arna líonadh isteach go cuí, arna dhátú agus arna shíniú ag an tairgeoir nó a ionadaí dlíthiúil, i gcás inarb iomchuí, le liosta de na daoine nádúrtha a bheidh ag obair ar son an tairgeoira;
- An **togra airgeadais (tairiscint phraghais)** (larscríbhinn 5);
Sonraítear i bpointe 4.5 de na Sonraíochtaí na gnéithe foirmiúla den togra airgeadais (tairiscint phraghais).
- An **togra teicniúil (tástáil aistriúcháin)**. Cuirfear téacs na tástála aistriúcháin agus na treoracha i gceangal leis an litir chuiridh chun tairiscint a chur isteach;

Sonraítear i bpointe 4.4 de na Sonraíochtaí na gnéithe foirmiúla den togra teicniúil (tástáil aistriúcháin).

I gcás nach leanfar na treoracha seo, déanfar cinneadh go bhfuil an tairiscint neamh-chomhlíontach.

Déanfar an tástáil aistriúcháin a mheasúnú ar bhealach anaithnid.

Ní mór an tástáil aistriúcháin a dhéanamh i gclófoireann 'Times New Roman', méid 12, spásáil línte 1.5, dath dubh.

Ní cheadaítear nótaí tráchta a dhéanamh.

Ní cheadaítear fonótaí nach bhfuil i dtéacs na tástála aistriúcháin.

Ceanglaítear ar an tairgeoir a thástáil aistriúcháin a sheoladh i bhformáid PDF, in dhá chóip ar leith:

- cóip amháin ina bhfuil sloinne (agus ainm) an tairgeora, agus
- cóip gan sloinne (ná ainm), ná aon tasc lena bhféadfaí an tairgeoir a shainaithint.

4.3.2. Tarchur na tairisceana

Ní mór gach tairiscint a sheoladh i gcomhréir leis na modhanna seolta a luaitear sa litir chuiridh chun tairiscint a dhéanamh agus laistigh den teorainn ama a thugtar.

Seolfar tairiscintí **trí ríomhphost amháin chuig an seoladh a luaitear sa litir chuiridh chun tairiscint a dhéanamh.**

Diúltófar don tairiscint go huathoibríoch má úsáidtear seoladh ríomhphoist eile.

Is faoi fhreagracht an tairgeora amháin na hiarmhairtí go léir a eascraíonn as mífheidhmiú córas seolta ríomhphoist.

Tá cosc ar úsáid a bhaint as nasc chuig spásanna storála ar líne.

Beidh an tairiscint i bhformáid PDF agus ní mór uasmhéid 10MB a bheith ann. Is féidir an tairiscint a sheoladh i roinnt teachtaireachtaí ar leithligh i ndiaidh a chéile. Sa chás sin, moltar uimhir sheicheamhach a chur in ábhar gach teachtaireachta leanúnaí, ar mhaithe le haon mhíthuiscint a sheachaint.

4.3.3. Bailíocht na dtairiscintí

Beidh na tairiscintí bailí ar feadh 12 mhí i ndiaidh an spriocdháta chun tairiscintí a dhéanamh ach amháin má chinneann an tairgeoir agus an t-údarás conarthach a mhalairt.

4.4. Cuid II: Togra teicniúil (tástáil aistriúcháin) (an dara céim)

Ní mór d'iarthóirí a roghnófar agus dá dtabharfar cuireadh chun tairiscint a dhéanamh aistriúchán ar an téacs a bheidh i gceangal leis an litir chuiridh chun tairiscint a chur isteach a chur ar fáil i sprioctheanga na seirbhíse.

Tríd an tástáil aistriúcháin a sheoladh, dearbhaíonn an tairgeoir gurb é féin a rinne an t-aistriúchán nó, i gcás inarb ábhartha, duine de na soláthraithe seirbhíse a luaitear san iarratas ar rannpháirtíocht sa nós imeachta seo, d'eisiamh iad siúd a eisiadh i ndiaidh meastóireacht ar a n-gcumas gairmiúil. Beidh aon bhréagléiriú faoi réir na b pionós dá bhforáiltear sa Rialachán Airgeadais agus na n-iarscríbhinní a ghabhann leis.

Ní thabharfar aon luach saothair as an tástáil aistriúcháin.

Féadfaidh na tairgeoirí áit phróiseála agus stórála na sonraí pearsanta a roghnú, ar choinníoll go n-urramaíonn siad a n-oibleagáidí conarthacha i réimse na próiseála sonraí (Airteagal I.9.2 agus Airteagal II.9) agus, go sonrach, na ceanglais maidir le haistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó eagraíochtaí idirnáisiúnta dá bhforáiltear i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2018/1725⁵ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE.

Ní gá do na tairgeoirí a shonrú ina dtairiscint theicniúil áit phróiseála agus stórála na sonraí pearsanta sin ach amháin i gcás ina bhfuil an áit sin lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh nó an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch. Mura bhfuil aon fhaisnéis sa tairiscint maidir leis an áit sin, measfaidh an t-údarás conarthach go bpróiseáiltear agus go stóráiltear na sonraí pearsanta go heisiach i gcríoch an Aontais Eorpaigh nó sa Limistéir Eorpach Eacnamaíoch.

4.5. Cuid III: Togra airgeadais (tairiscint phraghais) (an dara céim)

Ní mór d'iarrthóirí a roghnófar agus dá dtabharfar cuireadh chun tairiscint a dhéanamh togra airgeadais a dhéanamh.

Ní mór an tairiscint phraghais sin a dhéanamh trí fhoirm éigeantach a luaitear in Iarscríbhinn 5.

Ní mór an praghas iomlán a thairgtear in aghaidh an leathanaigh d'aistriúchán leathanaigh chaighdeánaigh (1 leathanach = 1 500 carachtar, gan spásanna san áireamh sa bhunteanga), arna chur in iúl in euro (EUR), glan ó cháin bhreisluacha (CBL) ná aon dleacht nó muirear eile, a lua sa togra airgeadais. Clúdófar na costais go léir sa phraghas.

Agus an togra airgeadais á dhéanamh, cuirfidh an tairgeoir san áireamh go bhfuil an Chúirt díolmhaithe ó gach dleacht agus cáin, go háirithe CBL, de bhun Airteagail 3 agus 4 den Phrótocal ar phribhléidí agus díolúintí. Deonaíonn rialtais na mBallstát an díolúine sin don Choimisiún, trí aisíocaíocht ar dhoiciméid tacaíochta a thíolacadh, nó trí dhíolmhú díreach.

I gcás ina bhfuil amhras faoi na rialacha CBL is infheidhme, is faoin tairgeoir atá sé dul i dteagmháil leis na húdaráis sa tír ina bhfuil sé chun soiléiriú a fháil maidir le díolmhú an Aontais Eorpaigh ó CBL.

Áirítear na costais go léir a bhaineann leis na tascanna a dhéanamh, lena n-áirítear costais ghinearálta, amhail costais bhonneagair, riaracháin, taistil, sa phraghas iomlán socraithe sa togra airgeadais (ní bheidh aon chostas athraitheach inaisíochta).

⁵ IO L 295 an 21.11.2018, Ith. 39. Tá téacs an Rialacháin sin ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1725>.

4.6. Beartas maidir le síniú doiciméad

Nuair is gá doiciméad san iarratas ar rannpháirtíocht nó sa tairiscint a shíniú, ní mór don síniú a bheith ina shíniú lámhscríofa nó ina ríomhshíniú cáilithe de réir mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) n° 910/2014⁶ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ('eIDAS').

Ní mór don sínitheoir gach doiciméad atá le síniú aige (i gcás inar iarrthóir/tairgeoir is duine nádúrtha), do gach ball den ghrúpa (más grúpa é an t-iarrthóir/tairgeoir) nó don ionadaí cuí-údaraithe (iarrthóir/tairgeoir is duine dlítheanach agus iarrthóir/tairgeoir i gcás grúpa) a shíniú, sa chás deireanach sin, ní mór don iarrthóir/tairgeoir fianaise de tharmligean na cumhachta chun síniú a chur ar fáil.

- **Ríomhshíniú cáilithe**

Sula seolfar na doiciméid arna síniú go leictreonach, ní mór don iarrthóir/tairgeoir an síniú agus bailíocht an deimhnithe a fhíorú trí cheann de na huirlisí seo a leanas a úsáid:

- an uirlis bailíochta DSS atá ar fáil ag an seoladh seo: <https://ec.europa.eu/cefdigital/DSS/webapp-demo/validation> (fíorú bailíochta deimhnithe trí líon agus cineál na sínithe bailí i ndoiciméad a lua);
- féadfar an uirlis EU Trusted List Browser a sheiceáil chun a fhíorú an bhfuil soláthraí an ríomhshínithe agus an tseirbhís iontaoibhe a sholáthraíonn sé ar liosta iontaofa an Aontais Eorpaigh: <https://esignature.ec.europa.eu/efda/tl-browser/#/screen/home>.

Ní mór d'iarrthóirí/tairgeoirí a úsáideann ríomhshíniú cáilithe i gcomhréir le Rialachán 'eIDAS' a fhíorú go bhfuil an soláthraí seirbhísí agus an tseirbhís cruthaithe deimhnithe cáilithe san uirlis EU Trusted List Browser.

- **Síniú lámhscríofa**

Is féidir na doiciméid a shíniú trí shíniú lámhscríofa trí na doiciméid arna líonadh a phriontáil amach agus go ndéanfaidh an t-iarrthóir/tairgeoir nó an t-ionadaí/na hionadaithe cuí-údaraithe iad a shíniú agus a dhátú ansin.

4.7. Rúndacht na dtairiscintí

Ón tráth a bheidh tairiscint oscailte ag an údarás conarthach, beidh an tairiscint sin faoina úinéireacht agus láimhseálfar í ar bhealach rúnda, faoi réir an mhéid seo a leanas:

- ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar an tairiscint agus, i gcás inarb iomchuí, ar mhaithe leis an gconradh a fheidhmiú, iniúchtaí a dhéanamh, meastóireacht chomparáideach, etc., údaraítear don údarás conarthach an tairiscint (nó aon chuid di) a chur ar fáil dá bhail foirne nó do bhail foirne institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais, chomh maith le haon duine agus eintiteas a oibríonn don údarás conarthach nó a chomhoibríonn leis, go háirithe na conraitheoirí agus

⁶ IO C 257 an 28.8.2014, lch. 73–114. Tá téacs an Rialacháin sin ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32014R0910>

fochonraitheoirí agus a mbaill foirne, ar choinníoll go bhfuil siad faoi réir oibleagáid rúndachta;

- tar éis an cinneadh dámhachtana a shíniú, maidir leis na tairgeoirí a bhfuarthas a dtairiscintí i gcomhréir leis na modhanna tairisceana, a bhfuil rochtain acu ar na nósanna imeachta soláthair phoiblí, nach bhfuil i staid eisiaimh dá dtagraítear in Airteagal 138(1) den Rialachán Airgeadais, nár diúltaíodh de bhun Airteagal 143 den Rialachán sin, a bhfuil a dtairiscintí i gcomhréir le doiciméid an nós imeachta soláthair, agus a dhéanann iarratas i scríbhinn chuige sin, cuirfear in iúl dóibh ainm an tairgeora ar a bronnadh an Conradh, tréithe agus buntáistí faoi seach na tairisceana a roghnaíodh agus praghas na tairisceana agus/nó luach an chonartha. Féadfaidh an t-údarás conarthach a chinneadh gan faisnéis áirithe a mheasann sé a bheith rúnda a chur in iúl, go sonrach i gcás ina bhféadfadh a nochtadh dul chun dochair leasanna tráchtála dlisteanacha na n-oibreoirí eacnamaíocha nó go bhféadfadh sé dochar a dhéanamh d'íomaíocht chóir eatarthu. Féadfaidh a bheith san fhaisnéis sin gnéithe rúnda de thairiscintí amhail praghsanna in aghaidh an aonaid a áirítear sa tairiscint airgeadais nó rúin theicniúla nó ghnó⁷, ach gan teorainn do na gnéithe sin.

Féadfaidh an t-údarás conarthach an tairiscint a chuirfear isteach a nochtadh i gcomhthéacs iarratas ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid, nó in imthosca eile i gcás ina gceanglaítear sin leis an dlí is infheidhme. Mura dtugtar údar do nochtadh doiciméid le leas poiblí sáraitheach⁸, féadfaidh an t-údarás conarthach diúltú do rochtain iomlán a thabhairt ar an tairiscint a dhéantar, trí chodanna (i gcás inarb ábhartha) ina bhfuil faisnéis rúnda a scríosadh, lena ndéanfaí dochar do chosaint leasanna tráchtála an tairgeora dá nochtfaí iad, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le maoin intleachtúil.

4.8. Coinníollacha glactha

Ní dheonaítear aon cheart, trí thairiscint a ullmhú, chun an Conradh a fháil ná aon cheart chun cúitimh as na costais a thabhaítear.

Is ionann tairiscint a chur isteach agus glacadh leis na Sonraíochtaí seo agus leis na doiciméid eile sa nós imeachta soláthair. Meastar go dtugann an creatchonradh agus na Sonraíochtaí míniú ar a chéile. I gcás débhrí nó neamhréireacht, áfach, beidh forlámhas ag an gcéad cheann ar an dara ceann, a bhfuil forlámhas aige féin ar choinníollacha thairiscint an tairgeora. Beidh an tairgeoir faoi cheangal ag tairiscint a chuirfear isteach ar feadh fheidhmiú an chonartha, má bhronntar conradh air. Tréigfidh sé a choinníollacha conarthacha féin.

Tráth ar bith le linn sheoladh an nós imeachta dámhachtana agus, má bhronntar an Conradh ar an tairgeoir, le linn fheidhmiú an chonartha, féadfaidh an Chúirt a iarraidh ar an tairgeoir cruthúnas a chur ar fáil nach bhfuil sé in aon cheann de na staideanna eisiaimh (féach pointe 5.3).

⁷ Le haghaidh sainmhíniú ar 'rúin ghnó', féach Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2016/943 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnocht (rúin trádála) a chosaint ar iad a fháil, a úsáid agus a nochtadh go neamhdhleathach: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32016L0943&qid=1746715520942>.

⁸ Féach Airteagal 3(2) de Chinneadh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 26 Samhain 2019 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid i seilbh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i bhfeidhmiú a feidhmeanna riaracháin : <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A32020D0210%2801%29>

Más rud é, le linn sheoladh an nós imeachta sin nó le linn fheidhmiú aon chreatchonradh a thabharfar i gcrích, go n-athraíonn staid an tairgeoira i dtaca leis na critéir eisiaimh, ní mór dó é sin a chur in iúl don Chúirt láithreach.

Tráth ar bith le linn sheoladh an nós imeachta dámhachtana sin agus, má bhronntar conradh ar an tairgeoir, ar feadh fheidhmiú an chonartha, cuirfidh sé in iúl don Chúirt i gcás ina gceapfar é féin, nó, i gcás inarb ábhartha, comhalta den ghrúpa nó dá bhaill foirne nó soláthraithe seirbhíse de réir bhrí phointe 3.2, ina n-oifigeach ar phromhadh nó ina ghníomhaire eile den Aontas Eorpach.

Sa chás sin, féadfaidh an nós imeachta dámhachtana leanúint ar aghaidh mar is gnách, ach cuirfear aon creatchonradh a bhronnfar ag deireadh an nós imeachta sin ar fionraí go huathoibríoch go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an bhfostaíocht shealadach sin. I gcás fostú buan conraitheora mar oifigeach bunaithe ag deireadh na tréimhse promhaidh sin, déanfar a chreatchonradh a fhoirceannadh go huathoibríoch. I gcás ina bhfostófar ball foirne nó soláthraí seirbhíse de réir bhrí phointe 3.2 mar oifigeach bunaithe i ndiaidh na tréimhse promhaidh, déanfar an duine lena mbaineann a eisiáimh go huathoibríoch ón gcreatchonradh ina cháil mar bhall foirne nó soláthraí seirbhíse.

Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil tabhairt i gcrích creatchonartha le hoifigigh ar phromhadh agus gníomhairí den Aontas atá gníomhach faoi réir údarú faoi Airteagal 12b de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 11 agus 81 de na Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile den Aontas Eorpach a bheith faighte ag an duine lena mbaineann.

Mar an gcéanna, ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil tabhairt i gcrích creatchonartha le hoifigigh nó gníomhairí eile den Aontas Eorpach atá tar éis éirí as a bhfeidhmeanna laistigh dá n-institiúid nó gníomhaireacht le níos lú ná 2 bhliain anuas faoi réir údarú faoi Airteagal 16 de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh agus Airteagail 11 agus 81 de na Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile den Aontas Eorpach a bheith faighte ag an duine lena mbaineann.

5.1. Oscailt na n-iarratas ar rannpháirtíocht agus na dtairiscintí

Oscloídh an Chúirt na hiarratais ar rannpháirtíocht (an chéad chéim) ar an dáta a luaitear i bpointe 1.3.2.

Is é dáta oscailte na dtairiscintí (an dara céim) an dáta a luaitear i bpointe 1.3.5.

Diúltófar tairiscintí nach gcomhlíonann na spriocdhátaí taiscthe agus ní dhéanfar meastóireacht orthu (féach pointe 1.3.4).

Diúltófar do thairiscintí a gheofar gan na coinníollacha rúndachta dá bhforáiltear sa litir chuiridh chun tairiscint a dhéanamh a chomhlíonadh, gan a bhfuil iontu a scrúdú agus gan meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí.

Diúltófar d'aon tairiscint arna fáil ó dhuine nádúrtha, duine dlítheanach nó grúpa oibreoirí eacnamaíocha nár tugadh cuireadh dóibh tairiscint a chur isteach.

5.2. Meastóireacht na n-iarratas ar rannpháirtíocht agus na dtairiscintí: critéir agus céimeanna

Bunófar an mheastóireacht ar na hiarratais ar rannpháirtíocht agus ar na tairiscintí ar an bhfaisnéis a bheidh sna hiarratais ar rannpháirtíocht agus sna tairiscintí sin agus, i gcás inarb iomchuí, ar fhaisnéis bhreise a sholáthróidh na hiarrthóirí/tairgeoirí arna iarraidh sin ag an gCúirt. Thairis sin, forchoimeádann an Chúirt an ceart chun aon fhaisnéis eile ó fhoinsí poiblí nó speisialaithe a chur san áireamh tar éis an deis a thabhairt don iarrrthóir/tairgeoir a bharúlacha a chur in iúl.

Déanfar an mheastóireacht in dhá chéim, i bhfianaise na gcritéir seo a leanas:

An chéad chéim: Meastóireacht na n-iarratas ar rannpháirtíocht:

- Fíorú na gcritéir eisiaimh: fíorú nach bhfuil an t-iarrrthóir eisiata de bhun Airteagail 138 go 142 den Rialachán Airgeadais ná diúltaithe de bhun Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais (féach pointe 5.3).
- fíorú na gcritéir roghnúcháin: fíorú go gcomhlíonann an t-iarrrthóir na critéir roghnúcháin (féach pointe 5.4) agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa i gceist a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú an mhargaidh (féach pointe 5.4.4).

Fíoróidh an Chúirt na critéir thuasluaite san ord a mheasann sí a bheith iomchuí. Ní mór d'iarrrthóirí a nglacfar leo na critéir sin go léir a shásamh chun go ndámhfar an Conradh orthu.

Ní mór gach iarratas ar rannpháirtíocht a dhréachtú ar bhealach gur féidir iad a mheasúnú ina n-iomláine, go beacht agus chomh tapa agus is féidir, ionas gur féidir na hiarrthóirí a n-iarrfar orthu tairiscint a chur isteach a roghnú.

Féadfar diúltú d'iarrratais ar rannpháirtíocht ó iarrrthóirí nach gcuireann faisnéis leordhóthanach ar fáil agus an fhoirm chlárúcháin éigeantach á líonadh isteach acu agus na doiciméid agus an fhianaise a luaitear.

An dara céim: meastóireacht ar na tairiscintí

- fíorú go bhfuil an tairiscint i gcomhréir leis na híoscheanglais arna socrú sna Sonraíochtaí (féach pointe 5.5).
- comparáid a dhéanamh idir na tairiscintí i bhfianaise na gcritéar dámhachtana (féach pointe 5.6).

Ní thabharfar cuireadh ach d'iarrthóirí a shásaíonn na critéir eisiaimh agus roghnúcháin tairiscint theicniúil agus airgeadais a dhéanamh chun iad a mheasúnú i bhfianaise na gcritéar dámhachtana.

Fíoróidh an Chúirt na critéir thuasluaite san ord a mheasann sí a bheith iomchuí. Ní mór don tairgeoir rathúil na critéir sin go léir a shásamh chun go ndámhfar an Conradh air.

Le linn an dara céim, diúltófar do thairiscintí nach bhfuil i gcomhréir leis na ceanglais íosta a leagtar síos sna Sonraíochtaí seo (féach pointe 5.6).

5.3. Critéir eisiaimh (an chéad chéim)

Déantar cur síos ar na critéir eisiaimh in Airteagal 138 den Rialachán Airgeadais agus sa Dearbhú ar Onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus na critéir roghnúcháin (féach larscríbhinn 3).

Ní mór na critéir sin a bheith á gcomhlíonadh:

- ag an iarrthóir is duine nádúrtha,
- i gcás iarrthóir is duine dlítheanach, ag an ionadaí dlíthiúil agus ag gach duine nádúrtha a ghabhann do sholáthar na seirbhísí,
- i gcás grúpa, ag an ionadaí agus ag gach duine nádúrtha a ghabhann do sholáthar na seirbhísí,

I gcás inarb iomchuí, ní mór don iarrthóir na bearta arna nglacadh chun an staid eisiaimh a leigheas a lua, agus a iontaofacht a léiriú ar an gcaoi sin.

Féadfar doiciméid a éileamh chun comhlíonadh na gcritéar sin a léiriú.

Luaitear na doiciméid tacaíochta sa dearbhú thuasluaite faoi phointe VI 'Doiciméid tacaíochta maidir leis na critéir eisiaimh' den Dearbhú ar onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus na critéir roghnúcháin (féach larscríbhinn 3).

5.3.1. Diúltú don iarrthóir nó don tairgeoir de bhun Airteagal 143 den Rialachán Airgeadais

Ní dhámhfaidh an Chúirt Conradh le haghaidh an nós imeachta soláthair seo d'oibreoir eacnamaíoch:

- a) atá i staid eisiaimh bunaithe i gcomhréir le hAirteagail 138 go 142 den Rialachán Airgeadais
- b) a thug bréaglériú maidir leis an bhfaisnéis atá riachtanach chun páirt a ghlacadh sa nós imeachta seo nó nár chuir an fhaisnéis sin in iúl;

- c) a raibh baint aige le doiciméid an nós imeachta soláthair a ullmhú, má tá sin ina chúis le saobhadh ar an iomaíocht nach féidir a leigheas ar shlí eile.

Sula gcinnefar diúltú do thairiscint ó oibreoir eacnamaíoch faoin nós imeachta soláthair seo, tabharfaidh an Chúirt deis don oibreoir sin a bharúlacha a chur in iúl, ach amháin má tá bunús leis an diúltú sin ar bhonn phointe (a) thuas, trí chinneadh eisiaimh arna ghlacadh i gcoinne oibreoir eacnamaíoch, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar na barúlacha arna gcur isteach aige.

5.3.2. Dearbhú ar onóir

Ní mór don iarrthóir an Dearbhú ar onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus na critéir roghnúcháin (Iarscríbhinn 3) lena ndeimhnítear nach mbaineann aon cheann de na staidéanna eisiaimh leis a shíniú agus a cheangal lena iarratas ar rannpháirtíocht.

Más duine dlítheanach é an t-iarrthóir nó duine dlítheanach atá mar chuid de ghrúpa, beidh feidhm ag na critéir eisiaimh sin maidir leis an iarrthóir agus gach duine de na soláthraithe seirbhíse arna gcur i láthair ag an iarrthóir.

5.3.3. Cruthúnas nach mór don tairgeoir a chur ar fáil

Ní mór don tairgeoir agus aon ionadaí (dlíthiúil) an méid seo a leanas a sholáthar chomh luath agus is féidir agus dhá mhí i ndiaidh an dáta deiridh chun an tairiscint a sheoladh agus roimh an gcreatchonradh a shíniú, chuig seoladh an aonaid teanga, na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear i bpointe VI den Dearbhú ar onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus na critéir roghnúcháin, eadhon:

- sliocht le déanaí as an taifead coiriúil;
- deimhniú maidir le híocaíocht ranníocaíochtaí slándála sóisialta; agus
- deimhniú cánach.

Díolmhaítear ón oibleagáid na doiciméid cruthúnais sin a chur ar fáil aon tairgeoir a bhfuil an cruthúnas sin curtha ar fáil don Chúirt cheana i gcomhthéacs nós imeachta eile agus ar choinníoll gur eisíodh na doiciméid tráth nach mó ná bliain amháin roimh an dáta a d'iarr an t-údarás conarthach iad agus go bhfuil siad bailí fós. I gcás den sórt sin, dearbhaíonn an t-oibreoir eacnamaíoch ar onóir gur cuireadh an fhianaise dhoiciméadach ar fáil cheana i nós imeachta roimhe seo agus nach bhfuil aon athrú tagtha ar a staid.

5.4. Critéir roghnúcháin (an chéad chéim)

5.4.1. Cumas chun an ghníomhaíocht ghairmiúil a chleachtadh

Ní mór an inniúlacht dhlíthiúil a bheith ag an iarrthóir chun an ghníomhaíocht ghairmiúil atá i gceist sa chonradh a chleachtadh (clárú sa chlár tráchtála nó gairmiúil ábhartha, clárú leis an tslándáil shóisialta, clárú le haghaidh CBL, údarú bunaíochta, etc.) i gcomhréir le reachtaíocht an Stáit ina bhfuil sé bunaithe.

Níor cheart don iarrthóir, mar aon leis na hoibreoírí eacnamaíocha go léir atá ag comhoibriú leis chun páirt a ghlacadh sa glao ar thairiscintí i gcomhréir le pointe 3.3 ('Comhoibriú idir roinnt oibreoírí eacnamaíocha chun páirt a ghlacadh sa tairiscint') thuas, a bheith faoi réir bhearta sriantacha an Aontais Eorpaigh arna nglacadh de bhun Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas

Eorpach nó Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh⁹, arb ionann iad agus bacainn dhlíthiúil ar thabhairt i gcrích an chonartha. Déanfar an ceanglas sin a mheas i bhfianaise bhearta sriantacha an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm. Dá thoradh sin, níl sé de cheangal ar an iarrthóir aon fhianaise a chur ar fáil nach bhfuil sé (agus, i gcás inarb iomchuí, oibreoírí eacnamaíocha eile atá ag comhoibriú leis) faoi réir bhearta sriantacha an Aontais Eorpaigh.

5.4.2. Stádas eacnamaíoch agus airgeadais

I gcás an nós imeachta soláthair seo, measann an t-údarás conarthach nach bhfuil an cineál seo de chritéar cinntitheach le haghaidh conradh i gcomhair an chineáil seo seirbhísí, ar de chineál intleachtúil amháin iad na seirbhísí atá le soláthar.

5.4.3. Cumas teicniúil agus gairmiúil

Ní mór don iarrthóir an cumas teicniúil agus gairmiúil is gá a bheith aige chun an conradh a chomhlíonadh.

5.4.3.1. *Cumas teicniúil*

Oibreoidh an conraitheoir i dtimpeallacht ardteicneolaíochta.

Cuirfear an obair ar fáil don chonraitheoir i bhformáid leictreonach trí tharchur leictreonach de réir rogha na Cúirte. Ní mór na comhaid leictreonacha a phróiseáil i gcomhréir leis na treoracha a thabharfar, ar mhaithe le hobair athfhormáidithe a sheachaint a oiread agus is féidir. Beidh an t-aistriúchán le seachadadh chuig an gCúirt i bhformáid leictreonach trí tharchur leictreonach. Ní mór don aistriúchán cloí leis na hairíonna agus na stíleanna sa doiciméad a fuarthas le haistriú.

Ciallaíonn formáid leictreonach an fhormáid leictreonach sa bhogearra próiseála téacs a luaitear (mura luaitear a mhalairt, Microsoft Word 2010 nó leagan níos airde), mar aon le formáid XLIFF nó a coibhéis (SDLXLIFF, etc.). Ciallaíonn tarchur leictreonach an obair a chur ar fáil agus an t-aistriúchán críochnaithe a sheachadadh trí ardáin comhroinnte faisnéise shlána agus chomhoibríocha.

Ní mór don chonraitheoir a bheith in ann déileáil le doiciméad a ndearnadh réamhphróiseáil air le huirlisí aistriúcháin ríomhchuidithe (comhaid ina bhfuil an buntéacs agus na meaitseálacha aistriúcháin a fuarthas ó chuimhní aistriúcháin inmheánacha na Cúirte, mar shampla, i bhformáid XLIFF nó a comhionann amhail SDLXLIFF, etc.). Féadfaidh an Chúirt a cheangal, chun comhaid leictreonacha a tharchur, go mbainfear leas as uirlis ríomhaireachta/bogearra eile agus ardáin comhroinnte faisnéise shlána agus chomhoibríocha dá rogha féin, gan costais bhreise a leagan ar an gconraitheoir, áfach. Ní mór don chonraitheoir aon fhormáid nua nó aon uirlis ríomhaireachta/bogearra nua, agus ardáin comhroinnte faisnéise shlána agus chomhoibríocha a cheanglóidh an Chúirt a chomhlíonadh laistigh de thréimhse réasúnta.

Ba cheart don chonraitheoir é féin a chur in oiriúint tráth ar bith do shonraíochtaí na Cúirte atá ceaptha chun rúndacht tharchur na ndoiciméad a áirithiú.

Tá cosc ar úsáid a bhaint as nasc chuig taisce doiciméad leictreonach trí sheirbhísí stórála ar 'néal'.

⁹ Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil an liosta oifigiúil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus i gcás coinbhleachta, go bhfuil forlámhas aige ar liosta [Léarscáil smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh](#).

5.4.3.2. *Cumas gairmiúil*

Go sonrach, ní mór do gach iarrthóir is ‘duine nádúrtha’ agus gach duine nádúrtha atá ag gabháil do sholáthar na seirbhísí atá i gceist **na leibhéil íosta cumais ghairmiúil seo a leanas a bhaint amach:**

- oideachas agus oiliúint ollscoile sa dlí (is é sin, céim ollscoile sa dlí arna bronnadh in Éirinn nó a comhionann), nó cáilíocht mar Abhcóide nó Aturnae in Éirinn, nó céim ollscoile in aon réimse eile arna bronnadh ag ollscoil nó a comhionann agus ar a laghad 2 bhliain de thaithí ag aistriú téacsanna oifigiúla go Gaeilge;
- máistreacht iomlán ar an nGaeilge agus ar théarmaíocht dlí sa Ghaeilge;
- eolas cuimsitheach ar an mbunteanga (de réir an bhirt).

Beidh céim ollscoile sa dlí ina buntáiste le haghaidh gach birt.

5.4.4. Coinbhleacht leasa

Féadfaidh an Chúirt a chinneadh nach n-áiritheoidh oibreoir eacnamaíoch an caighdeán cuí i bhfeidhmiú an chonartha agus diúltú dá thairiscint má fhaigheann sí go bhfuil an tairgeoir i staid coinbhleachta leasa a d’fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar fheidhmiú an mhargaidh.

5.4.5. Fianaise a bhaineann leis na critéir roghnúcháin

5.4.5.1. *Dearbhú ar onóir*

Ní mór don iarrthóir an Dearbhú ar onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus na critéir roghnúcháin dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 3 a shíniú agus a cheangal lena iarratas ar rannpháirtíocht.

5.4.5.2. *Fianaise a fhéadfar a lorg i gcásanna áirithe ó iarrthóirí agus tairgeoirí*

Féadfaidh an Chúirt a iarraidh ar na hiarrthóirí nó ar na tairgeoirí, tráth ar bith sa nós imeachta, dearbhú ar onóir uasdátaithe nó na doiciméid tacaíochta go léir dá bhforáiltear i bpointe 5.3.3 nó cuid díobh a sholáthar, más gá sin chun seoladh cuí an nós imeachta a áirithiú.

5.4.5.3. *Fianaise maidir le cumas gairmiúil nach mór don iarrthóir a chur ar fáil*

Chun a chumas teicniúil agus gairmiúil a léiriú, ní mór don iarrthóir is duine nádúrtha agus do gach duine nádúrtha a bheidh ag gabháil do sholáthar na seirbhíse **atá i gceist an fhaisnéis agus na doiciméid (cóipeanna de chéimeanna/teastais) a chur ar fáil i ndáil leis na nithe seo:**

- oideachas agus oiliúint sa dlí (leibhéal, cáilíocht(aí), córas dlí lena mbaineann);
- oiliúint ollscoile (céim(eanna));

- líon blianta taithí ag aistriú téacsanna oifigiúla go Gaeilge (féadfar an taithí sin a léiriú, mar shampla, le dearbhú faoi mhionn, cóipeanna d'fhoilseacháin, cóipeanna de chonarthaí, teistiméireachtaí, liosta de na príomhsheirbhísí arna soláthar, ina sonraítear an fad, na fostóirí/cliaint, cineál agus méid, nó ráitis airgeadais);
- eolas ar an mbunteanga (modh sealbhaithe, cáilíochta(aí), taithí phroifisiúnta), seachas EN.

5.5. Fíorú go gcomhlíonann an tairiscint na híoscheanglais (an dara céim)

Déanfar meastóireacht ar na tairiscintí a chuirfear i láthair laistigh de na teorainneacha agus de réir na modhanna dá bhforáiltear sna cuirí chun tairiscint a dhéanamh (na tairiscintí comhlíontacha) (féach pointe 5.6).

Diúltófar do thairiscintí a gheofar i ndiaidh an spriocdháta chun glacadh le hiarratais. Is ionann fáltas na tairisceana ina luaitear an dáta agus an t-am oifigiúil a fuarthas an tairiscint agus cruthúnas gur comhlíonadh an teorainn ama chun tairiscintí a fháil.

Diúltófar do thairiscintí nach gcomhlíonann na coinníollacha rúndachta dá bhforáiltear sa litir chuiridh chun tairiscint a dhéanamh, gan a bhfuil iontu a scrúdú agus gan meastóireacht a dhéanamh ar na tairiscintí.

5.6. Critéir dhámhachtana (an dara céim)

Bronnfar an Conradh seo ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch, ag a bhfuil an cóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán, tabharfar **ualú 60% don chritéar maidir le caighdeán agus ualach 40% don chritéar maidir le praghas.**

5.6.1. Caighdeán na tairisceana

Déanfar caighdeán na tairisceana a mheasúnú ar bhonn na faisnéise sa togra teicniúil (tástáil aistriúcháin, pointe 4.4) agus bronnfar uasmhéid 100 pointe air.

Déanfar caighdeán na tairisceana a mheasúnú i bhfianaise na gcritéar seo a leanas:

1. **Gnéithe dlíthiúla:**

- a. Tuiscint agus aistriúchán dílis ar an mbuntéacs
- b. Cruinneas agus comhleanúnachas téarmaíochta

2. **Gnéithe teanga:**

- a. Cruinneas agus comhleanúnachas téarmaíochta
- b. Litríú agus comhréir
- c. Soiléire agus/nó sainréim teanga

3. **Gnéithe modheolaíochta:**

- a. Luanna agus taighde doiciméadach
- b. Iomláine

Measfar nach bhfuil an caighdeán cuí ag baint le tairiscintí dá dtabharfar marc cáilíochta níos ísle ná 50 as 100 agus diúltófar dóibh gan an togra airgeadais a scrúdú.

5.6.2. Praghas na tairisceana

Déanfar meastóireacht ar phraghas na tairisceana ar bhonn an phraghais a leanann as an togra airgeadais (atá le lua go héigeantach san fhoirm atá i gceangal in larscríbhinn 5).

5.6.3. Modh chun an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a chinneadh

Ar choinníoll go mbeidh marc cáilíochta 50 nó níos airde faighte, measfar gurb í an tairiscint lena mbaineann an cóimheas praghais/cáilíochta is airde an ceann is buntáistí go heacnamaíoch. Ríomhfar an cóimheas praghais/cáilíochta mar seo a leanas:

Cóimheas thairiscint X = [An praghas is ísle sa nós imeachta soláthair/Praghas thairiscint X] * Ualú don praghas (40 %) + [Marc cáilíochta (as 100) thairiscint X/Cáilíocht is airde sa nós imeachta soláthair] * Ualú don cháilíocht (60%)

Ní bheidh an Chúirt faoi dhliteanas aon cúiteamh a íoc i ndáil le tairgeoirí nár glacadh lena n-iarraitais.

5.7. Praghsanna iomarcacha

Forchoimeádann an Chúirt an ceart chun tairiscintí a mheasfar a bheith ró-dhaor a dhiúltú.

5.8. Tairiscintí thar a bheith íseal

Má dhealraíonn sé go bhfuil an praghas a thairgtear i dtairiscint thar a bheith íseal, féadfaidh an Chúirt diúltú don tairiscint sin sna coinníollacha dá bhforáiltear i bpointe 23 d'larscríbhinn 1 den Rialachán Airgeadais.

6.1. Teagmháil idir na hiarrthóirí nó tairgeoirí agus an Chúirt le linn an nós imeachta soláthair

Le linn sheoladh an nós imeachta soláthair, údaraítear aon teagmháil idir an Chúirt agus na hiarrthóirí nó tairgeoirí ar bhonn eisceachtúil sna cásanna a luaitear thíos faoi choinníollacha lena ráthaítear trédhearcacht, cóir chomhionann agus dea-riarachán.

Cuirfear iarrthóirí agus tairgeoirí ar an eolas faoi gach céim den nós imeachta soláthair trí ríomhphost. Seolfar an fhaisnéis chuig an seoladh ríomhphoist a luaitear in iarratas an iarrthóra ar rannpháirtíocht. Úsáidfidh an t-údarás conarthach an ríomhphost céanna le haghaidh gach cumarsáide eile leis an iarrthóir, an tairgeoir nó an conraitheoir. Ceanglaítear ar an iarrthóir nó tairgeoir seoladh ríomhphoist bailí a sholáthar agus a sheoladh ríomhphoist a sheiceáil go rialta.

Le linn na chéad chéime den nós imeachta, ní féidir aon teagmháil a bheith ann ach amháin faoi na coinníollacha seo a leanas:

6.1.1. Roimh an iarratas ar rannpháirtíocht a fháil

Arna iarraidh sin, féadfaidh an t-údarás conarthach faisnéis bhreise a chur ar fáil a bhfuil sé de chuspóir éigeantach acu doiciméid an nós imeachta soláthair a shoiléiriú.

Ní mór aon iarratas ar fhaisnéis bhreise a sheoladh, trí ríomhphost amháin chuig seoladh an aonaid teanga.

Dá thionscnamh féin, féadfaidh an t-údarás conarthach na daoine lena mbaineann a chur ar aon eolas faoi aon earráid, mhíchruinneas, easnamh nó aon earráid chléireachais eile i ndrúachtú dhoiciméid an nós imeachta soláthair.

Foilseofar aon fhaisnéis bhreise, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear thuas, ar https://curia.europa.eu/jcms/jcms/p1_268713/ga/.

Coimeádfar an leathanach gréasáin sin chun dáta agus beidh sé d'fhreagracht ar na hiarrthóirí aon nuashonruithe agus leasuithe a dhéanfar i ndiaidh iarratas ar rannpháirtíocht a chur isteach.

6.1.2. Tar éis an t-iarratas ar rannpháirtíocht a fháil

Más gá earráidí cléireachais follasacha i ndrúchtú an iarratais ar rannpháirtíocht nó deimhniú ar ghné shonrach nó theicniúil, féadfaidh an t-údarás conarthach dul i dteagmháil leis an iarrthóir, ar choinníoll nach mbeidh leasuithe substaintiúla ar an iarratas ar rannpháirtíocht a chuirfear isteach i gceist leis sin.

Le linn an dara céim den nós imeachta, ní féidir aon teagmháil a bheith ann ach amháin faoi na coinníollacha seo a leanas:

6.1.3. Roimh an spriocdháta chun glacadh le hiarratais

Roimh an spriocdháta chun glacadh le hiarratais, féadfaidh an Chúirt faisnéis bhreise a chur in iúl maidir le doiciméid an nós imeachta soláthair, go comhuaineach agus i scríbhinn, chuig na

hoibreoirí eacnamaíocha go léir lena mbaineann má thagann sí ar earráid nó easnamh sa téacs nó arna iarraidh sin ar iarratas ó na tairgeoirí.

Níl an Chúirt faoi cheangal freagra a thabhairt ar na hiarratais ar fhaisnéis bhreise a gheofar níos lú ná 6 lá oibre roimh an spriocdháta chun glacadh le hiarratais.

6.1.4. Tar éis an spriocdháta chun glacadh le hiarratais

Tar éis an spriocdháta chun glacadh le hiarratais, féadfaidh an Chúirt dul i dteagmháil leis na tairgeoirí chun earráidí cléireachais follasacha sna doiciméid a bhaineann leis an tairiscint a cheartú, tar éis deimhniú a fháil ón rannpháirtí faoin gceartúchán a bheidh i gceist.

I gcás nach gcuireann tairgeoir na doiciméid nó na ráitis isteach, féadfaidh an Chúirt a iarraidh air an fhaisnéis easnamhach a chur ar fáil nó na doiciméid tacaíochta a shoiléiriú.

Ní fhéadfaidh an fhaisnéis, an soiléiriú nó na deimhnithe sin athrú substainteach a dhéanamh ar na doiciméid a bhaineann leis an tairiscint.

Tabharfaidh na tairgeoirí freagra ar aon iarratas ar fhaisnéis ón gCúirt laistigh den spriocdháta arna shocrú aici.

Osclófar gach tairiscint chomhlíontach agus cuirfear in iúl do na tairgeoirí an cinneadh a ghlacfar faoina dtairiscint.

6.2. Faisnéis d'iarrthóirí nó tairgeoirí a bhaineann le cinntí arna nglacadh ag an gCúirt

Cuirfidh an Chúirt, trí mheán leictreonach, gach iarrthóir nó tairgeoir ar an eolas, go comhuaineach agus ar bhonn aonair, faoi na cinntí a ghlacfar ag deireadh an nós imeachta, chomh luath agus is féidir, tar éis na gcéimeanna seo a leanas:

- na cinntí chun iarratas ar rannpháirtíocht a dhiúltú sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 5.2 i ndiaidh na céime meastóireachta ar na hiarratais ar rannpháirtíocht;
- na cinntí chun tairiscint a dhiúltú sna cásanna dá bhforáiltear i bpointe 5.1 i ndiaidh na céime oscailte tairiscintí;
- an cinneadh dámhachtana agus na cinntí chun diúltú do thairiscintí nár glacadh leo, i ndiaidh iad a ghlacadh.

Luafar sna fógraí d'iarrthóirí nó tairgeoirí ar diúltaíodh dóibh i ngach cás na forais ar a diúltaíodh dá n-iarratas ar rannpháirtíocht nó dá dtairiscint, i gcás inarb iomchuí, fad na tréimhse feithimh sula síneofar an conradh (féach pointe 7.1), agus na leigheasanna atá ar fáil.

Ní hionann fógra don tairgeoir rathúil agus gealltanais ar thaobh na Cúirte.

Mar sin féin, féadfar faisnéis áirithe a fhágáil ar lár i gcásanna ina gcuirfeadh sé bac ar chur i bhfeidhm dlíthe, ina mbeadh sé contrártha do leas an phobail, ina ndéanfadh sé dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha oibreoirí eacnamaíocha nó ina bhféadfadh sé dochar a dhéanamh d'iomaíocht chóir eatarthu.

Tabharfaidh an Chúirt freagra trí mheán leictreonach chomh luath agus is féidir, agus i ngach cás laistigh de chúig lá féilire dhéag ón tráth a gheofar an iarraidh i scríbhinn.

Meastar go bhfuil an fhaisnéis faighte ag an tairgeoir más féidir leis an gCúirt a chruthú gur sheol sí í chuig an seoladh ríomhphoist a luaitear sa tairiscint. Sa chás sin, measfar go bhfuil an fhaisnéis faighte ag an tairgeoir an lá a sheolann an Chúirt í.

Ní bheidh sé d'éifeacht ag aon iarratas ar fhaisnéis agus ag an bhfreagra lena mbaineann go gcuirfear ar fionraí an teorainn ama chun aon achomharc a thionscnamh i gcoinne na gcinntí diúltaithe agus dámhachtana.

7.1. Tréimhse feithimh sula síneofar an creatchonradh

Ní fhéadfaidh an Chúirt an creatchonradh a shíniú leis an tairgeoir rathúil ach i ndiaidh tréimhse deich lá féilire, ón lá i ndiaidh an dáta a fhógrófar na cinntí diúltaithe agus dámhachtana go comhuaineach trí mheán leictreonach.

Ní bheidh feidhm ag an tréimhse feithimh in aon nós imeachta ina ndearnadh tairiscint amháin ná i ndáil le conarthaí sonracha bunaithe ar chreachonradh.

7.2. Tréimhse chun creatchonarthaí a shíniú

Forchoimeádann an t-údarás conarthach an ceart chun a mheas, i gcás nach bhfuil a gcreatchonarthaí seolta ar ais agus iad sínithe ag na tairgeoirí rathúla trí mhí ar a dhéanaí i ndiaidh an cuireadh chun an creatchonradh a shíniú, gur tharscaoil siad an síniú sin.

7.3. Síniú an chreachonartha a chur ar fionraí agus athbhreithniú an chinnidh dámhachtana

I gcás inarb iomchuí, féadfaidh an Chúirt síniú an chreachonartha a chur ar fionraí chun scrúdú breise a dhéanamh má tá údar leis sin a dhéanamh mar gheall ar iarrataí nó barúlacha arna gcur in iúl ag na tairgeoirí ar diúltaíodh dóibh nó a ndearnadh dochar dóibh, nó aon fhaisnéis eile ábhartha. I gcás ina gcuirtear ar fionraí é, cuirfear na tairgeoirí go léir ar an eolas laistigh de thrí lá oibre i ndiaidh an chinnidh maidir le cur ar fionraí.

7.4. Cealú an nós imeachta soláthair

Féadfaidh an Chúirt, go dtí go síneofar an creatchonradh, an nós imeachta soláthair a chur ar ceal ina iomláine nó i bpáirt i gcás nósanna imeachta a dhámhtar i mbearta, gan na hiarrthóirí nó tairgeoirí a bheith i dteideal aon chúiteamh a éileamh.

Tabharfar cúiseanna leis an gcinneadh sin agus cuirfear in iúl do na hiarrthóirí nó tairgeoirí é chomh luath agus is féidir.

7.5. Earráidí substainteacha, neamhrialtachtaí nó calaois

I gcás inarb amhlaidh go bhfuil earráidí substainteacha, neamhrialtachtaí nó calaois ag baint leis an nós imeachta, féadfaidh an Chúirt é a chur ar fionraí agus gach beart riachtanach a ghlacadh, lena n-áirítear é a chur ar ceal.

Más amhlaidh, i ndiaidh an creatchonradh a shíniú, go dtarlaíonn sé go bhfuil neamhrialtachtaí nó calaois ag baint leis an nós imeachta nó le feidhmiú an chonartha, féadfaidh an Chúirt íocaíochtaí a chur ar fionraí, feidhmiú an chreachonartha a chur ar fionraí nó, i gcás inarb iomchuí, é a fhoirceannadh.

Féadfaidh sé a bheith de chuspóir le feidhmiú an chreachonartha a chur ar fionraí fírinne na neamhrialtachtaí nó calaois líomhainte a fhíorú.

Más é an conraitheoir is cúis leis na neamhrialtachtaí nó an chalaos, féadfaidh an Chúirt freisin an praghas atá le híoc a laghdú i gcomhréir le tromchúis na neamhrialtachtaí, na calaoise nó an

tsáraithe ar oibleagáidí, lena n-áirítear i gcás mainneachtain na ngníomhaíochtaí atá i gceist a chur i gcrích, iad a chur i gcrích go mícheart nó go páirteach nó déanach.

Feidhmíonn an Oifig Frithchalaioise ('OLAF') an chumhacht, arna tabhairt don Choimisiún le Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le rialuithe agus fíoruithe ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún ar mhaithe le cosaint leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile¹⁰, chun fíoruithe agus rialuithe a dhéanamh ar an láthair sna Ballstáit agus, i gcomhréir leis na comhaontuithe comhair agus cúnamh fhrithpháirtigh, i dtríú tíortha agus in áitribh eagraíochtaí idirnáisiúnta.

Más rud é, tar éis an conradh a chur ar fionraí, nach ndeimhnítear na hearráidí substainteacha, na neamhrialtachtaí nó an chalaiois líomhainte, leanfar den chonradh a fheidhmiú chomh luath agus is féidir.

7.6. Cosaint sonraí pearsanta

Is gné riachtanach de rannpháirtíocht sa nós imeachta soláthair seo go ndéanfaidh an Chúirt sonraí pearsanta áirithe a phróiseáil, is é sin, faisnéis a bhaineann le daoine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta, eadhon, de réir mar a bheidh, an t-iarrthóir, an tairgeoir agus a bhaill foirne, na heintitis a bhfuil sé i gceist aige a bheith ag brath orthu chun na coinníollacha roghnúcháin a chomhlíonadh agus soláthraithe, mar aon le, i gcásanna áirithe, daoine is baill de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta na n-oibreoirí eacnamaíocha nó a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó maoirseachta i ndáil leo acu, a n-úinéirí tairbhiúla agus na daoine atá faoi dhliteanas as fiachais na n-oibreoirí eacnamaíocha sin.

Is iad sin, mar shampla, na sonraí seo a leanas:

- sonraí aitheantais (sloinne, ainm, uimhir phas, uimhir doiciméid aitheantais, sonraí eile sa phas, sa doiciméad aitheantais nó sa deimhniú náisiúntachta);
- post;
- sonraí teagmhála (seoladh, uimhir theileafóin, seoladh ríomhphoist, seoladh gréasáin);
- sonraí airgeadais (uimhir cuntais bainc, ainm an bhainc, cóid IBAN agus BIC, uimhir CBL);
- cruthúnas a stádais mar dhuine féinfhostaithe, cruthúnais ar stádas cánach;
- sonraí atá sa sliocht ón taifead coiriúil, deimhniú maidir le híocaíocht ranníocaíochtaí slándála sóisialta nó cánach;
- sonraí atá sa curriculum vitae;
- liosta na bpríomhfhoilseachán nó éachtaí;
- sonraí as an Dearbhú ar onóir maidir leis na critéir eisiaimh agus na critéir roghnúcháin;

¹⁰ IO L 292 an 15.11.1996, Ich. 2. Tá téacs an Rialacháin sin ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: <http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:31996R2185>.

- sonraí eile arna gcur ar fail ag an iarrthóir/tairgeoir i gcomhthéacs an nós imeachta soláthair.

Is é an Rialachán Airgeadais an bunús dlí leis an bpróiseáil ar na sonraí pearsanta sin agus, go sonrath, na forálacha de a bhaineann le soláthar poiblí, eadhon Airteagail 137 go 148, 163 go 182 agus larscríbhinn I.

Déanfaidh an Chúirt na sonraí sin go léir a phróiseáil i gcomhréir le ceanglais Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE ¹¹.

Mura sonraítear a mhalairt, tá gá leis na sonraí pearsanta a phróiseáiltear chun meastóireacht a dhéanamh ar iarratas ar rannpháirtíocht an iarrthóra agus ar thairiscint an tairgeoira agus próiseálfaidh an tseirbhís a bheidh freagrach as an nós imeachta soláthair, an tStiúrthóireacht Buiséid agus Gnóthaí Airgeadais, an Coiste Oscailte Iarratas agus Tairiscintí (pointe 28 d'larscríbhinn I den Rialachán Airgeadais), Coiste Meastóireachta na nIarratas agus na dTairiscintí, mar aon le, i gcás inarb iomchuí, saineolaithe seachtracha a fhéadfaidh a bheith páirteach (Airteagail 153 agus 171(5) den Rialachán Airgeadais agus pointe 29.1 d'larscríbhinn I den Rialachán Airgeadais) agus Coiste Comhairliúcháin Soláthair Phoiblí na Cúirte iad chun na gcríoch sin amháin.

Déanfar sonraí pearsanta an iarrthóra/tairgeoira ar a mbronnfar an Conradh, a ghinfear le linn fheidhmiú an chonartha a phróiseáil chun críoch fheidhmiú an chonartha amháin ag an tseirbhís atá freagrach as an gconradh agus an Stiúrthóireacht Buiséid agus Gnóthaí Airgeadais.

Féadfar na sonraí arna bpróiseáil a tharchur chuig comhlachtaí ar a bhfuil cúram maoirseachta, cigireachta nó réitigh díospóidí i gcomhréir le dlí an Aontais, amhail Cúirt na nIniúcháirí, an t-Iniúcháir inmheánach (i gcomhthéacs na bhfeidhmeanna a tharmlichtear dó le hAirteagail 117, 118 agus 120 den Rialachán Airgeadais), chuig an údarás dá dtagraítear in Airteagal 145 den Rialachán Airgeadais, chuig Parlaimint na hEorpa (i gcomhthéacs an phróisis um urscaoileadh buiséadach), OLAF, Coiste Maoirseachta OLAF (de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle ¹²), Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, an Comhairleoir Dlí le haghaidh Gnóthaí Riaracháin, an Cláráitheoir agus Uachtarán na Cúirte Breithiúnais, an Chúirt Ghinearálta agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na cúirteanna náisiúnta inniúla i gcás díospóid a bhaineann le feidhmiú an chonartha.

Féadfar sonraí pearsanta a bhaineann leis an iarrthóir/tairgeoir ar a bronnadh an Conradh (go háirithe an t-ainm, an seoladh agus luach an chonartha) a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ar shuíomh gréasáin na Cúirte (fógra dámhachtana agus liosta bliantúil de na

¹¹ IO L 295 an 21.11.2018. Tá téacs an Rialacháin sin ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32018R1725>.

¹² IO C 248 an 18.9.2013, I ch. 1–22. Tá téacs an Rialacháin sin ar fáil ar an idirlíon ag an seoladh seo: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A32013R0883>.

conraitheoirí), i gcomhréir le hAirteagal 166 den Rialachán Airgeadais agus míreanna 2 agus 3 d'larscríbhinn I den Rialachán Airgeadais.

Go sonrach, féadfar na sonraí a bhaineann le hoibreoírí eacnamaíocha atá i gceann de na staideanna eisiaimh dá dtagraítear in Airteagail 138 agus 143 den Rialachán Airgeadais agus le daoine atá ina gcomhaltaí de chomhlacht riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta na n-oibreoírí eacnamaíocha sin nó a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe ina leith, lena n-úinéirí tairbhiúla agus le daoine nádúrtha nó dlítheanacha atá faoi dhliteanas comhpháirteach i leith fhiachais na n-oibreoírí eacnamaíocha sin, a tharchur agus a stóráil i mbunachar sonraí lárnaigh an chórais luathbhraite agus eisiaimh (EDES) arna bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach agus arna gcur in iúl do na heintitis dá dtagraítear in Airteagal 62 den Rialachán Airgeadais i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 144 den Rialachán Airgeadais.

Go heisceachtúil, féadfar faisnéis a bhaineann le heisiaimh agus, i gcás inarb ábhartha, na smachtbhannaí airgeadais arna bhforchur i gcomhréir le hAirteagal 140 den Rialachán Airgeadais a fhoilsiú sna coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 142 den Rialachán Airgeadais.

Déanfar na doiciméid i bhformáid páipéir a bhaineann leis an gconradh agus ina bhfuil na sonraí pearsanta a stóráil, i gcomhréir le hAirteagal 75 den Rialachán Airgeadais, ar feadh tréimhse 10 mbliana a thosóidh an 1 Eanáir i ndiaidh na bliana inar tharla an gníomh deireanach d'fheidhmiú an chonartha nó ar lena linn a théann an ráthaíocht chonartha nó dhlíthiúil atá ag an údarás conarthach i gcomhthéacs an chonartha in éag. Déanfar na foirmeacha agus na doiciméid a chartlannú sa chóras cuntasáíochta freisin.

I gcás iniúchtaí, imscrúduithe arna ndéanamh ag OLAF, éilimh, achomhairc nó díospóidí a bhaineann leis an gconradh, stórálfar na sonraí, ar feadh tréimhse níos faide ná an tréimhse dá bhforáiltear sa mhír roimhe seo, go dtí go mbeidh cinneadh críochnaitheach tugtha faoi na hiniúchtaí, imscrúdaithe, éilimh, achomhairc nó díospóidí.

Tá cearta sonracha ag na daoine lena mbaineann na sonraí pearsanta arna bpróiseáil i gcomhthéacs an nós imeachta soláthair seo ('na hábhair sonraí'), de bhun Chaibidil III (Airteagail 14 go 25) de Rialachán (AE) 2018/1725, go háirithe an ceart chun rochtain a fháil ar a sonraí pearsanta, iad a cheartú nó a léirscriosadh, an ceart chun próiseáil na sonraí sin a theorannú nó, i gcás inarb ábhartha, an ceart chun agóid a dhéanamh ina coinne nó an ceart chun in-iomparthachta sonraí.

Tá an ceart ag na hábhair sonraí a dtailiú a tharraingt siar tráth ar bith. Le tarraingt siar an toilithe, ní thugtar faoi cheist dleathacht na próiseála bunaithe ar an toiliú a tugadh roimh an tarraingt siar sin. Cuirtear an t-ábhar sonraí ar an eolas sula dtabharfar a thoiliú.

Dírítear aird na dtairgeoirí ar an bhfíoras go bhféadfaidh sé go ndiúltófar don iarratas nó don tairiscint mura gcuirfear in iúl na sonraí pearsanta riachtanacha mar a éilítear sna doiciméid dá bhforáiltear i gCuid 4. Ar an gcaoi céanna, féadfaidh sé go mbeidh ceartú, léirscriosadh, teorannú, agóid nó tarraingt siar an toilithe chun na sonraí pearsanta thuasluaite a phróiseáil a bheith ina gcúis le hathrú substainteach ar théarmaí na tairisceana agus a bheith ina gcúis lena diúltú.

Iarrtar ar na hábhair sonraí aon cheist a bhaineann le próiseáil a gcuid sonraí pearsanta a chur chuig rialaitheoir sonraí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag an seoladh: dataprotection_finance@curia.europa.eu. Féadfaidh siad freisin dul i dteagmháil le hoifigeach

cosanta sonraí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ag an seoladh: DataProtectionOfficer@curia.europa.eu.

Beidh sé de cheart ag na hábhair sonraí éileamh a dhéanamh tráth ar bith leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí (<https://edps.europa.eu/>) má mheasann siad nach n-urramaítear Rialachán (AE) 2018/1725 leis an bpróiseáil ar na sonraí pearsanta.

Ceanglaítear ar an iarrthóir/tairgeoir cineál, críocha agus saintréithe na próiseála (catagóirí sonraí, faighteoirí, tréimhse stórála, etc.) a chur in iúl do na hábhair sonraí, mar aon leis na cearta a ndéantar cur síos orthu thuas. Beidh sé freagrach freisin as toiliú na n-ábhar sonraí a fháil chun sonraí a phróiseáil chun críoch an nós imeachta soláthair seo. Trína iarratas ar rannpháirtíocht agus a thairiscint a chur isteach, dearbhaíonn an t-iarrthóir/tairgeoir gur chomhlíon sé na hoibleagáidí thuasluaite.

CUID 8 IARSCRÍBHINNÍ

IARSCRÍBHINN 1. FOIRM CHLÁRÚCHÁIN ÉIGEANTACH.....	1
IARSCRÍBHINN 2. FOIRM 'EINTITEAS DLÍTHIÚIL'.....	2
IARSCRÍBHINN 3. DEARBHÚ AR ONÓIR MAIDIR LEIS NA CRITÉIR EISIAIMH AGUS NA CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN	3
IARSCRÍBHINN 4. LEATHANACH CUMHDAIGH NA TAIRISCEANA	4
IARSCRÍBHINN 5. FOIRM ÉIGEANTACH LE hAGHAIDH AN TOGRA AIRGEADAIS ('TAIRISCINT AIRGEADAIS')	5
ANNEXE 6. DRÉACHT-CHREATCHONRADH	6

IARSCRÍBHINN 1.

FOIRM CHLÁRÚCHÁIN ÉIGEANTACH

IARSCRÍBHINN 2.

FOIRM 'EINTITEAS DLÍTHIÚIL'

IARSCRÍBHINN 3.

**DEARBHÚ AR ONÓIR MAIDIR LEIS NA CRITÉIR EISIAMH AGUS NA
CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN**

IARSCRÍBHINN 5.

AN TOGRA AIRGEADAIS ('TAIRISCINT PHRAGHAIS')

